# Tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún — Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh

(2022/C 375/09)

**Rapóirtéir**: André VIOLA (FR/PSE), Comhalta d'Fheidhmeannas Áitiúil: Comhairle Roinne Aude

**Doiciméad tagartha**: Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh (athmhúnlú)

COM(2021) 802

## I. MOLTAÍ LE hAGHAIDH LEASUITHE

**Leasú 1**

Aithris 6

| Téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| Foirgnimh is cúis le ***40 %*** den tomhaltas fuinnimh deiridh iomlán san Aontas agus 36 % dá astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann leis an bhfuinneamh. Dá bhrí sin, i gcomhréir le bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh mar a leagtar síos in Airteagal 3 [EED athbhreithnithe] agus a shainmhínítear in Airteagal 2(18) de Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle *agus úsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite in earnáil na bhfoirgneamh*, is bearta tábhachtacha iad atá ag teastáil chun astaíochtaí gás ceaptha teasa an Aontais a laghdú. Is tábhachtach an ról freisin atá ag ídiú fuinnimh a laghdú agus úsáid níos mó a bhaint as foinsí in-athnuaite maidir le spleáchas fuinnimh an Aontais a laghdú, cinnteacht an tsoláthair fuinnimh, forbairtí teicneolaíocha a chothú, deiseanna a chruthú san fhostaíocht agus i bhforbairt réigiúnach, go háirithe ar oileáin agus i gceantair tuaithe. | Foirgnimh is cúis le ***39 %*** den tomhaltas fuinnimh deiridh iomlán san Aontas ***ar tomhaltas oibríochtúil 28 % de agus ábhair thógála agus tógáil (carbón corpraithe) 11 % de,*** agus 36 % dá astaíochtaí gás ceaptha teasa a bhaineann leis an bhfuinneamh. Dá bhrí sin, i gcomhréir le bunphrionsabal na héifeachtúlachta fuinnimh mar a leagtar síos in Airteagal 3 [EED athbhreithnithe] agus a shainmhínítear in Airteagal 2(18) de Rialachán (AE) 2018/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, is bearta tábhachtacha iad ***laghdú ar an éileamh ar fhuinneamh, ar ábhair, ar thalamh agus ar thomhaltas fuinnimh, agus úsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite in earnáil na bhfoirgneamh,*** atá ag teastáil chun astaíochtaí gás ceaptha teasa an Aontais a laghdú. Is tábhachtach an ról freisin atá ag ídiú fuinnimh a laghdú***, ag éileamh laghdaithe ar fhuinneamh, ar ábhair agus ar thalamh,*** agus úsáid níos mó a bhaint as foinsí in-athnuaite maidir le spleáchas fuinnimh ***agus ábhar*** an Aontais a laghdú, cinnteacht an tsoláthair fuinnimh ***agus ábhar***, forbairtí teicneolaíocha a chothú, deiseanna a chruthú san fhostaíocht agus i bhforbairt réigiúnach, go háirithe ar oileáin agus i gceantair tuaithe. |

**Cúis**

Tagairt níos sainráite don chiorclaíocht a chur isteach.

**Leasú 2**

Aithris 7

| Téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| Foirgnimh is cúis le hastaíochtaí gás ceaptha teasa roimh, le linn agus tar éis a saolré oibríochtúil. Maidir le fís 2050 le haghaidh stoc foirgnimh dícharbónaithe, tá níos mó i gceist leis ná an bhéim atá ann faoi láthair ar astaíochtaí gás ceaptha teasa oibríochtúla. Ba cheart, dá bhrí sin, astaíochtaí saolré uile foirgneamh a chur san áireamh ***de réir a chéile***, ***ag tosú le*** foirgnimh nua. Is banc ábhair suntasach iad foirgnimh, agus iad ina stórtha acmhainní thar na blianta fada, agus bíonn tionchar den chuid is mó ag na roghanna deartha ar na hastaíochtaí saolré iomlán d'fhoirgnimh nua agus d'fhoirgnimh athchóirithe araon. Ba cheart feidhmíocht saolré iomlán foirgneamh a chur san áireamh, ní hamháin i bhfoirgníocht nua, ach i bhfoirgnimh athchóirithe freisin trí bheartais chun astaíochtaí gás ceaptha teasa ar feadh na saolré iomláine a laghdú i bpleananna athchóirithe foirgneamh na mBallstát. | Foirgnimh is cúis le hastaíochtaí gás ceaptha teasa roimh, le linn agus tar éis a saolré oibríochtúil. Maidir le fís 2050 le haghaidh stoc foirgnimh dícharbónaithe, tá níos mó i gceist leis ná an bhéim atá ann faoi láthair ar astaíochtaí gás ceaptha teasa oibríochtúla. Ba cheart, dá bhrí sin, astaíochtaí saolré uile foirgneamh a chur san áireamh ***as seo amach***, ***i gcás*** foirgnimh nua ***agus foirgnimh atá ann cheana nuair a dhéantar athchóiriú orthu.*** Is banc ábhair suntasach iad foirgnimh, agus iad ina stórtha acmhainní thar na blianta fada, agus bíonn tionchar den chuid is mó ag na roghanna deartha ar na hastaíochtaí saolré iomlán d'fhoirgnimh nua agus d'fhoirgnimh athchóirithe araon. Ba cheart feidhmíocht saolré iomlán foirgneamh a chur san áireamh, ní hamháin i bhfoirgníocht nua, ach i bhfoirgnimh athchóirithe freisin trí bheartais chun astaíochtaí gás ceaptha teasa ar feadh na saolré iomláine a laghdú i bpleananna athchóirithe foirgneamh na mBallstát. ***Tá rannpháirtíocht na n-údarás áitiúil agus réigiúnach i bpróiseas forbartha na mbeartas sin ríthábhachtach chun a áirithiú go dtarlóidh an t-aistriú ar gach leibhéal.*** |

**Cúis**

Mura gcuirtear foirgnimh atá ann cheana san áireamh, ní bheifear in ann an cuspóir aeráidneodrachta a bhaint amach.

**Leasú 3**

Aithris 8

| Téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| Chun astaíochtaí gás ceaptha teasa foirgneamh ar feadh na saolré iomláine a íoslaghdú, tá gá le héifeachtúlacht agus ciorclaíocht acmhainní. Is féidir é sin a chomhcheangal freisin le linn charbóin shealadach a dhéanamh de chodanna den stoc foirgnimh. | Chun astaíochtaí gás ceaptha teasa foirgneamh ar feadh na saolré iomláine a íoslaghdú, tá gá ***le beartais leordhóthanachta lena seachnaítear ar an gcéad dul síos an t-éileamh ar fhuinneamh, ar ábhair, ar thalamh agus ar uisce, agus tá gá*** le héifeachtúlacht agus ciorclaíocht acmhainní. Is féidir é sin a chomhcheangal freisin le linn charbóin shealadach a dhéanamh de chodanna den stoc foirgnimh. ***Chun astaíochtaí leabaithe nialasacha a bhaint amach bheadh gá le laghdú, athúsáid agus barrfheabhsú ábhar, le suíomhanna ceaptha carbóin a dhearadh agus le hábhar ceaptha carbóin a úsáid.*** |

**Cúis**

Is straitéis chumhachtach í leordhóthanacht fuinnimh chun cuspóirí aeráide a bhaint amach. Ní mór astaíochtaí leabaithe a chur san áireamh freisin.

**Leasú 4**

Aithris 9

| Téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| Leis an acmhainneacht téite domhanda atá ann le linn na saolré san iomlán, léirítear rannchuidiú foriomlán an fhoirgnimh le hastaíochtaí a bhfuil an t-athrú aeráide mar thoradh orthu. Tugtar le chéile ann astaíochtaí gás ceaptha teasa a chorpraítear i dtáirgí foirgníochta le hastaíochtaí díreacha agus indíreacha ón gcéim úsáide. Is é an chéad chéim i dtreo tuilleadh machnaimh a dhéanamh ar fheidhmíocht saolré iomlán foirgneamh agus geilleagar ciorclach, dá bhrí sin, an ceanglas acmhainneacht téite domhanda foirgneamh nua a ríomh. | Leis an acmhainneacht téite domhanda atá ann le linn na saolré san iomlán, léirítear rannchuidiú foriomlán an fhoirgnimh le hastaíochtaí a bhfuil an t-athrú aeráide mar thoradh orthu. Tugtar le chéile ann astaíochtaí gás ceaptha teasa a chorpraítear i dtáirgí foirgníochta le hastaíochtaí díreacha agus indíreacha ón gcéim úsáide. Is é an chéad chéim i dtreo tuilleadh machnaimh a dhéanamh ar fheidhmíocht saolré iomlán foirgneamh agus geilleagar ciorclach, dá bhrí sin, an ceanglas acmhainneacht téite domhanda foirgneamh nua ***agus foirgnimh atá ann cheana agus a rinneadh athchóiriú orthu*** a ríomh. |

**Cúis**

Féinmhínitheach.

**Leasú 5**

Aithris 10

| Téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| Foirgnimh is cúis le thart ar leath d'astaíochtaí príomh-mhínábhar cáithníneach (PM2,5) san Aontas arb iad is cúis le bás anabaí nó le breoiteacht. ***Trí fheidhmíocht*** fuinnimh foirgneamh a fheabhsú, is féidir astaíochtaí truailleán a laghdú ag an am céanna, agus ba cheart na hastaíochtaí sin a laghdú, i gcomhréir le Treoir (AE) 2016/2284 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]).<br><br>([1]) Treoir (AE) 2016/2284 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2016 maidir le hastaíochtaí náisiúnta truailleán áirithe san aer a laghdú, lena leasaítear Treoir 2003/35/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/81/CE (IO L 344, 17.12.2016, lch. 1). | Foirgnimh is cúis le thart ar leath d'astaíochtaí príomh-mhínábhar cáithníneach (PM2,5) san Aontas arb iad is cúis le bás anabaí nó le breoiteacht. ***Tríd an éileamh ar fhuinneamh agus amhábhair a laghdú agus feidhmíocht*** fuinnimh foirgneamh a fheabhsú, is féidir astaíochtaí truailleán a laghdú ag an am céanna, agus ba cheart na hastaíochtaí sin a laghdú, i gcomhréir le Treoir (AE) 2016/2284 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1])***, agus, dá bhrí sin, rannchuidiú leis an uaillmhian maidir le truailliú nialasach***.<br><br>([1]) Treoir (AE) 2016/2284 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2016 maidir le hastaíochtaí náisiúnta truailleán áirithe san aer a laghdú, lena leasaítear Treoir 2003/35/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/81/CE (IO L 344, 17.12.2016, lch. 1). |

**Cúis**

Tagairt níos sainráite don chiorclaíocht agus don truailliú nialasach a chur isteach.

**Leasú 6**

Aithris 11

| Téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| Ba cheart a chur san áireamh, le bearta chun feidhmíocht fuinnimh foirgneamh a fheabhsú a thuilleadh, dálaí aeráide, lena n-áirítear oiriúnú don athrú aeráide, dálaí áitiúla chomh maith leis an timpeallacht aeráide laistigh agus an chostéifeachtúlacht. Níor cheart go ndéanfadh na bearta sin aon difear do cheanglais eile a bhaineann le foirgnimh, inrochtaineacht, slándáil sheismeach agus sábháilteacht ó dhóiteán agus an úsáid atá beartaithe le haghaidh an fhoirgnimh, cuir i gcás. | Ba cheart a chur san áireamh, le bearta chun ***an t-éileamh ar fhuinneamh agus ar ábhair a sheachaint agus chun*** feidhmíocht fuinnimh foirgneamh a fheabhsú a thuilleadh, dálaí aeráide, lena n-áirítear oiriúnú don athrú aeráide agus dálaí áitiúla chomh maith leis an timpeallacht aeráide laistigh agus an chostéifeachtúlacht, ***ar cheart dóibh seachtrachtaí comhshaoil, sochaíocha agus sláinte a chur san áireamh, agus an leas is fearr á bhaint as na bearta atá ar fáil ar leibhéal an cheantair***. Níor cheart go ndéanfadh na bearta sin aon difear do cheanglais eile a bhaineann le foirgnimh, inrochtaineacht, slándáil sheismeach agus sábháilteacht ó dhóiteán agus an úsáid atá beartaithe le haghaidh an fhoirgnimh, cuir i gcás. |

**Cúis**

Is léir an chúis atá leis seo.

**Leasú 7**

Aithris nua (11)

| Téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| | ***Ba cheart bearta leormhaithe a mheas le linn shaolré foirgneamh, ar bearta iad lena seachnófaí ar an gcéad dul síos an t-éileamh ar fhuinneamh, amhábhair, talamh agus uisce ó fhoirgnimh lena n-áirítear ag an gcéim deartha, ag an gcéim oibríochtúil agus ag deireadh shaolré foirgneamh. Leis na bearta sin, ba cheart tús áite a thabhairt d'fhoirgnimh atá ann cheana agus nach n-úsáidtear a athshealbhú in ionad foirgnimh nua a thógáil, agus do dhlúthchomharsanachtaí a fhorbairt in ionad sraoilleáil uirbeach a chur chun cinn, réitigh téimh éighníomhacha agus fuaraithe in ionad réitigh mheicniúla, athúsáid a bhaint as ábhair thógála in ionad ábhair nua a úsáid, agus bainistiú níos fearr a dhéanamh ar fhoirgnimh atá ann cheana.***<br><br>***Ba cheart do na Ballstáit, i gcomhar leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, beartais leormhaithe agus bearta a chur in iúl ina bpleananna athchóirithe foirgneamh lena ndírítear ar an éileamh ar fhuinneamh, amhábhair, talamh agus uisce a sheachaint ar an gcéad dul síos thar shaolré foirgneamh ag céim an deartha, ag an gcéim oibríochtúil agus ag deireadh ré foirgneamh.*** |

**Cúis**

Is straitéis chumhachtach í leordhóthanacht fuinnimh chun cuspóirí aeráide a bhaint amach.

**Leasú 8**

Aithris 13

| Téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| Ba cheart do na Ballstáit íoscheanglais maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh agus codanna d'fhoirgnimh a leagan síos d'fhonn ***an chothromaíocht*** a bhaint amach ***idir na hinfheistithe lena mbaineann agus na costais fuinnimh a spáráiltear*** le linn shaolré an fhoirgnimh ***ó thaobh an leibhéal costais is fearr de, gan dochar don cheart atá ag na Ballstáit íoscheanglais a shocrú atá níos fuinneamhéifeachtúla ná na leibhéil éifeachtúlachta fuinnimh is fearr ó thaobh costais de. Ba cheart foráil a dhéanamh maidir leis an deis a bheith ag na Ballstáit athbhreithniú rialta a dhéanamh ar na híoscheanglais atá orthu maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh i bhfianaise an dul chun cinn theicniúil.*** | Ba cheart do na Ballstáit íoscheanglais maidir le feidhmíocht fuinnimh foirgneamh agus codanna d'fhoirgnimh a leagan síos d'fhonn an ***neodracht carbóin, nó an méid neodrachta carbóin agus is féidir*** a bhaint amach le linn shaolré an fhoirgnimh. ***Ba cheart foirgnimh atá dearfach ó thaobh na haeráide de a chur chun cinn freisin, d'fhonn neodracht carbóin an stoic foirgneamh ina iomláine a áirithiú.***<br><br>***Agus na ceanglais sin á leagan síos, tá rannpháirtíocht iomlán na n-údarás áitiúil agus réigiúnach ríthábhachtach chun fíorlaghdú éifeachtach a áirithiú.*** |

**Cúis**

Ní mór an t-íoscheanglas a bheith ar aon dul leis an aeráidneodracht chun gaibhniú carbóin a sheachaint.

**Leasú 9**

Aithris 14

| Téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| Is ó bhreoslaí iontaise fós a thagann dhá thrian den fhuinneamh a úsáidtear chun foirgnimh a théamh agus a fhuarú. D'fhonn earnáil na foirgníochta a dhícharbónú, tá sé thar a bheith tábhachtach deireadh a chur de réir a chéile le breosla iontaise i dtéamh agus i bhfuarú. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit a chur in iúl na beartais agus na bearta náisiúnta atá acu chun deireadh a chur de réir a chéile le húsáid breoslaí iontaise i dtéamh agus i bhfuarú ina bpleananna athchóirithe foirgneamh, agus níor cheart aon dreasacht airgeadais a thabhairt chun coirí breosla iontaise a shuiteáil faoin gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile ó ***2027*** amach, cé is moite díobh siúd a roghnaíodh le haghaidh infheistíochta, roimh 2027, faoi Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus faoin gCiste Comhtháthaithe. Ba cheart bunús dlí soiléir chun cosc a chur ar ghineadóirí tea bunaithe ar a n-astaíochtaí gás ceaptha teasa nó ar an gcineál breosla a úsáidtear tacú le beartais agus bearta náisiúnta céimnithe amach. | Is ó bhreoslaí iontaise fós a thagann dhá thrian den fhuinneamh a úsáidtear chun foirgnimh a théamh agus a fhuarú. D'fhonn earnáil na foirgníochta a dhícharbónú, tá sé thar a bheith tábhachtach deireadh a chur de réir a chéile le breosla iontaise i dtéamh agus i bhfuarú. Dá bhrí sin, ***i ndlúthchomhar leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha,*** ba cheart do na Ballstáit a chur in iúl na beartais agus na bearta náisiúnta atá acu chun deireadh a chur de réir a chéile le húsáid breoslaí iontaise i dtéamh agus i bhfuarú ina bpleananna athchóirithe foirgneamh, agus níor cheart aon dreasacht airgeadais a thabhairt chun coirí breosla iontaise a shuiteáil faoin gcéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile ó ***2025*** amach, cé is moite díobh siúd a roghnaíodh le haghaidh infheistíochta, roimh 2027, faoi Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus faoin gCiste Comhtháthaithe. Ba cheart bunús dlí soiléir chun cosc a chur ar ghineadóirí tea bunaithe ar a n-astaíochtaí gás ceaptha teasa nó ar an gcineál breosla a úsáidtear tacú le beartais agus bearta náisiúnta céimnithe amach. |

**Cúis**

Féinmhínitheach.

**Leasú 10**

Aithris 17

| Téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| Ba cheart don Choimisiún creat modheolaíochta comparáidí a leagan síos maidir leis na leibhéil is fearr costais maidir le híoscheanglais feidhmíochta fuinnimh. Athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreat céanna, is é an toradh ba cheart a bheith air sin go mbeifí in ann feidhmíocht fuinnimh agus astaíochtaí araon a ríomh, agus is rud é lenar cheart seachtrachtaí comhshaoil agus sláinte a chur san áireamh, chomh maith le síneadh CTA agus praghsanna carbóin. Ba cheart do na Ballstáit an creat sin a úsáid chun ***na torthaí a chur i gcomparáid leis*** na híoscheanglais atá glactha acu maidir le feidhmíocht fuinnimh. I gcás inarb ann do neamhréireachtaí móra, i.e. neamhréireachtaí ar mó ná 15 % iad, idir na leibhéil is fearr costais maidir le híoscheanglais feidhmíochta fuinnimh, agus na híoscheanglais feidhmíochta fuinnimh atá i bhfeidhm, ba cheart do na Ballstáit a léiriú go bhfuil údar maith leis an difríocht sin nó ba cheart dóibh bearta iomchuí a ullmhú chun an neamhréireacht a laghdú. […]. | Ba cheart don Choimisiún creat modheolaíochta comparáidí a leagan síos maidir leis na leibhéil is fearr costais maidir le híoscheanglais feidhmíochta fuinnimh. Athbhreithniú a dhéanamh ar an gcreat céanna, is é an toradh ba cheart a bheith air sin go mbeifí in ann feidhmíocht fuinnimh agus astaíochtaí araon a ríomh, ***ba cheart é a bheith bunaithe ar an sprioc maidir le foirgnimh atá neodrach ó thaobh carbóin de a bhaint amach le linn shaolré na bhfoirgneamh*** agus is rud é lenar cheart seachtrachtaí comhshaoil agus sláinte a chur san áireamh, chomh maith le síneadh CTA agus praghsanna carbóin. Ba cheart do na Ballstáit an creat sin a úsáid chun ***a áirithiú go mbeidh foirgnimh atá neodrach ó thaobh carbóin de nó nach mór neodrach ó thaobh carbóin de, ann le linn shaolré na bhfoirgneamh mar thoradh ar*** na híoscheanglais atá glactha acu maidir le feidhmíocht fuinnimh. I gcás inarb ann do neamhréireachtaí móra, i.e. neamhréireachtaí ar mó ná 15 % iad, idir na leibhéil is fearr costais maidir le híoscheanglais feidhmíochta fuinnimh, agus na híoscheanglais feidhmíochta fuinnimh atá i bhfeidhm, ba cheart do na Ballstáit a léiriú go bhfuil údar maith leis an difríocht sin nó ba cheart dóibh bearta iomchuí a ullmhú chun an neamhréireacht a laghdú […] |

**Cúis**

Is léir an chúis atá leis seo.

**Leasú 11**

Aithris 18

| Téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| Le hathchóirithe móra ar fhoirgnimh atá ann cheana, gan beann ar a méid, tugtar deis bearta costéifeachtacha a dhéanamh chun feabhas a chur ar fheidhmíocht fuinnimh. ***Ar chúiseanna a bhaineann le costéifeachtúlacht, ba cheart go bhféadfaí íoscheanglais feidhmíochta fuinnimh a shrianadh go dtí na codanna athchóirithe is ábhartha maidir le feidhmíocht fuinnimh an fhoirgnimh. Ba cheart go mbeadh na Ballstáit in ann a rogha sainmhíniú a thabhairt ar "athchóiriú mór" de réir céatadán de dhromchla an imchlúdaigh fhoirgnimh nó de réir luach an fhoirgnimh chéanna. Má shocraíonn Ballstát sainmhíniú a thabhairt ar athchóiriú mór de réir luach an fhoirgnimh, d'fhéadfaí luachanna ar leith a úsáid, luach achtúireach cuir i gcás, nó an luach reatha bunaithe ar an gcostas atógála, gan luach na talún ar a bhfuil an foirgneamh suite a chur san áireamh.*** | Le hathchóirithe móra ar fhoirgnimh atá ann cheana, gan beann ar a méid, tugtar deis ***uathúil*** bearta cost-éifeachtacha a dhéanamh chun feabhas a chur ar fheidhmíocht fuinnimh ***ós rud é go dtarlaíonn siad uair amháin gach 25 bliana i dtaca le foirgnimh chónaithe agus uair amháin gach 15 bliana i dtaca le foirgnimh neamhchónaithe. Ciallaíonn sé sin nach dócha go ndéanfar athchóirithe móra ar fhoirgnimh chónaithe a ndearnadh athchóiriú orthu le linn na 10 mbliana sin roimh 2050, agus go bhféadfadh sé go ndéanfaí athchóirithe móra ar fhoirgnimh neamhchónaithe. Mar sin féin, méadóidh sé sin an costas foriomlán a bhaineann le hathchóiriú foirgneamh. Dá bhrí sin, chun gaibhniú carbóin i bhfoirgnimh athchóirithe a sheachaint, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar athchóiriú ar fhoirgnimh athchóirithe le linn na 10 mbliana seo go caighdeán astaíochtaí nialasacha nó nach mór nialasach arna ríomh le linn shaolré na bhfoirgneamh.*** |

**Cúis**

Ní mór an t-íoscheanglas a bheith ar aon dul leis an aeráidneodracht chun gaibhniú carbóin a sheachaint.

**Leasú 12**

Aithris 19

| Téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| ***Le*** huaillmhian fheabhsaithe aeráide agus fuinnimh an Aontais, tá gá le fís nua d'fhoirgnimh: an foirgneamh astaíochtaí nialasacha, a bhfuil éileamh fuinnimh an-íseal air cumhdaithe go hiomlán le fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite i gcás ina bhfuil sé indéanta go teicniúil. Ba cheart gach foirgneamh nua a bheith ina fhoirgnimh astaíochtaí nialasacha, agus ba cheart gach foirgneamh atá ann cheana a ***chlaochlú*** ina fhoirgnimh astaíochtaí nialasacha faoin mbliain 2050. | ***Leis an éigeandáil aeráide agus le*** huaillmhian fheabhsaithe aeráide agus fuinnimh an Aontais, tá gá le fís nua d'fhoirgnimh: an foirgneamh astaíochtaí nialasacha, a bhfuil éileamh fuinnimh an-íseal air cumhdaithe go hiomlán le fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite i gcás ina bhfuil sé indéanta go teicniúil. Ba cheart gach foirgneamh nua a bheith ina fhoirgnimh astaíochtaí nialasacha, agus ba cheart gach foirgneamh atá ann cheana a ***athchóiriú faoi cheann 10 mbliana*** ina fhoirgnimh astaíochtaí nialasacha ***d'fhonn éifeacht an ghaibhnithe carbóin a sheachaint*** faoin mbliain 2050 ***agus na costais athchóirithe a ísliú***. |

**Cúis**

Féinmhínitheach.

**Leasú 13**

Aithris 20

| Téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| Tá roghanna éagsúla ar fáil chun riachtanais fuinnimh foirgnimh éifeachtúil a chumhdach le fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite: foinsí in-athnuaite ar an láthair amhail grianfhuinneamh teirmeach, fuinneamh fótavoltach gréine, teaschaidéil agus bithmhais, fuinneamh in-athnuaite arna sholáthar ag comhphobail fuinnimh in-athnuaite nó ag pobail fuinnimh saoránach, agus téamh agus fuarú ceantair bunaithe ar fhoinsí in-athnuaite fuinnimh nó ar dhramhtheas. | Tá roghanna éagsúla ar fáil chun riachtanais fuinnimh foirgnimh ***ísealfhuinnimh agus*** éifeachtúil a chumhdach le fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite: foinsí in-athnuaite ar an láthair ***nó arna soláthar trí eangach*** amhail ***réitigh maidir le*** grianfhuinneamh teirmeach, fuinneamh fótavoltach gréine, ***cumhacht ghaoithe,*** teaschaidéil agus bithmhais, fuinneamh in-athnuaite arna sholáthar ag comhphobail fuinnimh in-athnuaite nó ag pobail fuinnimh saoránach, agus téamh agus fuarú ceantair bunaithe ar fhoinsí in-athnuaite fuinnimh nó ar dhramhtheas. |

**Cúis**

Féinmhínitheach.

**Leasú 14**

Aithris 22

| Téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| Uirlis rialála riachtanach atá sna híoschaighdeáin feidhmíochta fuinnimh maidir leis an athchóiriú ar na foirgnimh atá ann cheana a ghníomhachtú ar mhórscála***, toisc go dtéann siad i ngleic leis na príomhbhacainní ar athchóiriú amhail dreasachtaí deighilte agus struchtúir chomhúinéireachta, nithe nach féidir a shárú le dreasachtaí eacnamaíocha***. Mar thoradh ar thabhairt isteach íoschaighdeán feidhmíochta fuinnimh, ba cheart ***na foirgnimh is measa feidhmíocht a chéimniú amach agus feabhas a chur ar bhonn leanúnach ar an stoc náisiúnta foirgnimh***, rud a chuirfeadh leis an sprioc fhadtéarmach maidir le stoc foirgnimh dícharbónaithe faoin mbliain 2050. | Uirlis rialála riachtanach atá sna híoschaighdeáin feidhmíochta fuinnimh maidir leis an athchóiriú ar na foirgnimh atá ann cheana a ghníomhachtú ar mhórscála. ***Chun a áirithiú go bhfuil siad oiriúnach don fheidhm agus nach rannchuidíonn siad le héifeacht gaibhnithe carbóin a chruthú, ní mór dóibh caighdeán astaíochtaí nialasacha a chomhlíonadh: tá sé sin bunaithe ar an toimhde nach mbeifear ag súil ar an meán, ach le hathchóiriú mór amháin a dhéanamh idir 2022 agus 2050.*** Mar thoradh ar thabhairt isteach íoschaighdeán feidhmíochta fuinnimh, ba cheart ***foirgnimh astaíochtaí nialasacha nó nach mór nialasach a bheith ann***, rud a chuirfeadh leis an sprioc fhadtéarmach maidir le stoc foirgnimh dícharbónaithe faoin mbliain 2050. ***Ba cheart caighdeáin mhalartacha a chur i bhfeidhm i gcásanna an-sonrach, nuair nach féidir astaíochtaí nialasacha a bhaint amach, amhail mar shampla, i gcás foirgneamh stairiúil: ba cheart a ráthú leis na caighdeáin sin go gcuirfear na teicnící is fearr atá ar fáil i bhfeidhm. Ba cheart d'fhoirgnimh atá dearfach ó thaobh na haeráide de astaíochtaí breise na bhfoirgneamh sin nach bhfuil chomh héifeachtúil céanna a chúiteamh.*** |

**Cúis**

Ní mór an t-íoscheanglas a bheith ar aon dul leis an aeráidneodracht chun gaibhniú carbóin a sheachaint.

**Leasú 15**

Aithris 24

| Téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| ***A mhéid a bhaineann leis an gcuid eile den stoc foirgnimh náisiúnta, is*** faoi na Ballstáit atá sé cinneadh a dhéanamh an mian leo íoschaighdeáin feidhmíochta fuinnimh a thabhairt isteach***, ar caighdeáin iad a ceapadh ar an leibhéal náisiúnta agus a oiriúnaíodh do choinníollacha náisiúnta. Nuair a bheidh athbhreithniú á dhéanamh aige ar an Treoir seo, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh an gá íoschaighdeáin feidhmíochta fuinnimh bhreise a thabhairt isteach chun stoc foirgnimh dícharbónaithe a bhaint amach faoin mbliain 2050.*** | ***Is*** faoi na Ballstáit atá sé cinneadh a dhéanamh an mian leo íoschaighdeáin feidhmíochta fuinnimh ***agus caighdeáin astaíochtaí nialasacha nó nach mór nialasach*** a thabhairt isteach ***maidir le hathchóiriú nuair a úsáidtear ionstraimí airgeadais náisiúnta agus fonáisiúnta. Mar sin féin, má chomhcheanglaítear iad le hionstraimí airgeadais an Aontais, beidh feidhm ag ceanglais maidir le híoschaighdeáin feidhmíochta fuinnimh ar leibhéal an Aontais maidir le foirgnimh astaíochtaí nialasacha nó nach mór nialasach chun stoc foirgnimh dícharbónaithe a bhaint amach faoi 2050.*** |

**Cúis**

Féinmhínitheach.

**Leasú 16**

Aithris nua 24

| Téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| | ***Le cur chuige limistéir nó comharsanachta atá comhtháite go háitiúil, is féidir coincheapa cuimsitheacha athchóirithe a chur i bhfeidhm maidir le foirgnimh atá nasctha go fisiciúil (amhail bloic tithíochta), cuir i gcás maidir le soláthar fuinnimh. Tá úsáid níos leithne cur chuige comhtháite, rannpháirteach agus limistéarbhunaithe i gcroílár an Rabharta Athchóiriúcháin cheana féin agus ba cheart í sin a chur chun cinn leis an Treoir seo. Is féidir ceantair agus comharsanachtaí atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta a shainiú faoin Treoir seo de rogha na n-údarás áitiúil agus réigiúnach de réir riachtanais áitiúla agus suíomh geografach.*** |

**Cúis**

Tá sé ráite go bhfuil an cur chuige ceantair i gcroílár an Rabharta Athchóiriúcháin. A bhuí le comhsholáthar bonneagair leictreachais, teasa agus luchtaithe i gceantar nó i gcomharsanacht, d'fhéadfaí leas a bhaint as sineirgí agus coigilteas fuinnimh nach dtiocfadh chun solais, b'fhéidir, mura bhféachtar ach ar an bhfoirgneamh aonair.

**Leasú 17**

Aithris 27

| Téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| Ba cheart na híoschaighdeáin feidhmíochta fuinnimh uile-Aontais a bheith bunaithe ar aicmí comhchuibhithe feidhmíochta fuinnimh***. Tríd an aicme feidhmíochta fuinnimh is ísle G a shainmhíniú mar an 15 % is measa feidhmíocht de stoc náisiúnta foirgnimh gach Ballstáit, áirithítear*** iarrachtaí comhchosúla ag na Ballstáit go léir ***trí aicmí feidhmíochta fuinnimh a chomhchuibhiú, agus áirithítear leis an sainmhíniú ar an aicme feidhmíochta fuinnimh is fearr A*** cóineasú scála na haicme feidhmíochta fuinnimh comhchuibhithe i dtreo na físe comhchoitinne d'fhoirgnimh astaíochtaí nialasacha. | Ba cheart na híoschaighdeáin feidhmíochta fuinnimh uile-Aontais ***d'fhoirgnimh astaíochtaí nialasacha*** a bheith bunaithe ar aicmí comhchuibhithe feidhmíochta fuinnimh ***chun go n-áiritheofar*** iarrachtaí comhchosúla ag na Ballstáit go léir ***agus*** cóineasú scála na haicme feidhmíochta fuinnimh comhchuibhithe i dtreo na físe comhchoitinne d'fhoirgnimh astaíochtaí nialasacha. |

**Cúis**

Níl sé réalaíoch bheith ag súil go ndéanfar athchóirithe níos mó ná uair amháin le linn na 10 mbliana seo. Is é is aidhm don leasú torthaí feidhmíochta fuinnimh atá níos costéifeachtúla agus níos éifeachtaí a áirithiú.

**Leasú 18**

Aithris 28

| Téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| Bhí íoscheanglais feidhmíochta fuinnimh d'fhoirgnimh atá ann cheana agus do chodanna d'fhoirgnimh atá ann cheana i leaganacha den Treoir seo a bhí ann roimhe agus ba cheart go leanfaidís d'fheidhm a bheith acu. ***Cé go leagtar síos leis na híoschaighdeáin feidhmíochta fuinnimh a tugadh isteach le déanaí íosfheidhmíocht fuinnimh na bhfoirgneamh atá ann cheana agus go n-áirithítear leo go ndéanfar foirgnimh neamhéifeachtúla a athchóiriú, go n-áirithítear le híoscheanglais feidhmíochta fuinnimh na bhfoirgneamh atá ann cheana agus codanna d'fhoirgnimh an doimhneacht is gá don athchóiriú nuair a dhéanfar athchóiriú.*** | Bhí íoscheanglais feidhmíochta fuinnimh d'fhoirgnimh atá ann cheana agus do chodanna d'fhoirgnimh atá ann cheana i leaganacha den Treoir seo a bhí ann roimhe agus ba cheart go leanfaidís d'fheidhm a bheith acu, ***más rud é go mbíonn foirgneamh saor ó astaíochtaí ann agus go seachnaítear an gaibhniú carbóin mar thoradh orthu.*** |

**Cúis**

Ní mór an t-íoscheanglas a bheith ar aon dul leis an aeráidneodracht chun gaibhniú carbóin a sheachaint.

**Leasú 19**

Aithris 29

| Téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| Chun stoc foirgnimh atá dícharbónaithe agus an-fhuinneamhéifeachtúil a bhaint amach agus chun na foirgnimh atá ann cheana a aistriú ina bhfoirgnimh astaíochtaí nialasacha faoin mbliain 2050, ba cheart do na Ballstáit pleananna náisiúnta athchóirithe foirgneamh a bhunú, a chuirfear in ionad na straitéisí athchóirithe fadtéarmacha agus a bheidh ina n-uirlis pleanála do na Ballstáit atá iomlán oibríochtúil agus níos láidre, agus lena ndíreofar níos mó ar mhaoiniú agus lena n-áiritheofaí go mbeidh oibrithe a bhfuil na scileanna iomchuí acu ar fáil chun athchóirithe foirgneamh a dhéanamh. Ina bpleananna athchóirithe foirgneamh, ba cheart do na Ballstáit a gcuid spriocanna náisiúnta féin a shocrú maidir le hathchóiriú foirgneamh. I gcomhréir le hAirteagal 21(b)(7) de Rialachán (AE) 2018/1999 agus leis na coinníollacha cumasúcháin a leagtar amach faoi Rialachán (AE) 2021/60 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [1], ba cheart do na Ballstáit achoimre a thabhairt ar bhearta maoiniúcháin, mar aon le breac-chuntas ar na riachtanais infheistíochta agus ar na hacmhainní riaracháin le haghaidh chur chun feidhme a bpleananna athchóirithe foirgneamh. | Chun stoc foirgnimh atá dícharbónaithe agus an-fhuinneamhéifeachtúil a bhaint amach agus chun na foirgnimh atá ann cheana a aistriú ina bhfoirgnimh astaíochtaí nialasacha faoin mbliain 2050, ba cheart do na Ballstáit***, i ndlúthchomar leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha,*** pleananna náisiúnta athchóirithe foirgneamh a bhunú, a chuirfear in ionad na straitéisí athchóirithe fadtéarmacha agus a bheidh ina n-uirlis pleanála do na Ballstáit atá iomlán oibríochtúil agus níos láidre, agus lena ndíreofar níos mó ar mhaoiniú agus lena n-áiritheofaí go mbeidh oibrithe a bhfuil na scileanna iomchuí acu ar fáil chun athchóirithe foirgneamh a dhéanamh. Ina bpleananna athchóirithe foirgneamh, ba cheart do na Ballstáit a gcuid spriocanna náisiúnta féin a shocrú maidir le hathchóiriú foirgneamh. I gcomhréir le hAirteagal 21, pointe (b)(7), de Rialachán (AE) 2018/1999 agus leis na coinníollacha cumasúcháin a leagtar amach faoi Rialachán (AE) 2021/60 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [1], ba cheart do na Ballstáit achoimre a thabhairt ar bhearta maoiniúcháin, mar aon le breac-chuntas ar na riachtanais infheistíochta agus ar na hacmhainní riaracháin le haghaidh chur chun feidhme a bpleananna athchóirithe foirgneamh ***agus ar na bearta atá beartaithe chun tacú le príomhshruthú phrionsabail an oiriúnaithe agus na ciorclaíochta maidir le hathchóiriú an stoic náisiúnta foirgneamh***. |

**Cúis**

Is léir an chúis atá leis seo.

**Leasú 20**

Aithris 32

| Téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| ***Is féidir le hathchóiriú*** céimneach ***a bheith ina réiteach*** chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna a bhaineann le hardchostais tosaigh agus an dua a d'fhéadfadh a bheith ann do na háitritheoirí nuair a dhéantar an t-athchóiriú "in aon iarracht amháin". ***Mar sin féin, ní mór an t-athchóiriú céimneach sin a phleanáil go cúramach ionas nach gcuirfidh céim athchóirithe amháin bac ar chéimeanna riachtanacha eile ina dhiaidh sin.*** Le pasanna athchóirithe ***soláthraítear*** treochlár soiléir ***d'athchóiriú céimneach***, rud a chabhraíonn le húinéirí agus le hinfheisteoirí an tráthúlacht ***agus an scóip*** is fearr chun idirghabhálacha a phleanáil. Dá bhrí sin, ba cheart pasanna athchóirithe a chur ar fáil mar uirlis dheonach ***d'úinéirí foirgneamh*** ar fud na mBallstát go léir. | ***Ní réiteach é an t-athchóiriú*** céimneach chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna a bhaineann le hardchostais tosaigh agus an dua a d'fhéadfadh a bheith ann do na háitritheoirí nuair a dhéantar an t-athchóiriú "in aon iarracht amháin". ***Is é an toradh a bheidh ar athchóiriú céimneach go leanfar de bhreoslaí iontaise a úsáid sna foirgnimh lena mbaineann, ar chostas ard do cháiníocóirí agus, san am céanna, cuirfear teaghlaigh ar ioncam íseal i mbochtaineacht fuinnimh. Chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist a bhaineann le hardchostais tosaigh an athchóirithe, ní mór tionscadail athchóirithe agus ionstraimí airgeadais atá ann cheana a chuachadh chun na costais tosaigh a laghdú trí uas-scálú.*** Le pasanna athchóirithe***, ba cheart*** treochlár soiléir ***a sholáthar do thionscadail athchóirithe in aon iarracht amháin ina gcomhcheanglaítear roinnt foirgneamh i gcomharsanacht amháin nó i gcathair amháin***, rud a chabhraíonn le húinéirí agus le hinfheisteoirí an tráthúlacht is fearr chun idirghabhálacha a phleanáil. Dá bhrí sin, ba cheart pasanna athchóirithe a chur ar fáil mar uirlis dheonach ***do na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha*** ar fud na mBallstát go léir. |

**Cúis**

D'fhéadfadh éifeacht gaibhnithe carbóin a bheith mar thoradh ar an "athchóiriú céimneach" atá beartaithe agus ba cheart é sin a sheachaint.

**Leasú 21**

Aithris 33

| Téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| Níor sainmhíníodh an coincheap "athchóiriú domhain" i reachtaíocht an Aontais go fóill. D'fhonn an fhís fhadtéarmach d'fhoirgnimh a bhaint amach, ba cheart athchóiriú domhain a shainmhíniú mar athchóiriú lena ndéantar foirgnimh astaíochtaí nialasacha***; sa chéad chéim, mar athchóiriú lena ndéantar foirgnimh atá nach mór neodrach ó thaobh an fhuinnimh de***. Is é is cuspóir don sainmhíniú sin ***feidhmíocht fuinnimh foirgneamh a mhéadú***. Is deis den scoth é athchóiriú domhain chun críocha ***na feidhmíochta fuinnimh*** maidir le haghaidh a thabhairt ar ghnéithe eile amhail dálaí maireachtála teaghlach leochaileach, athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a mhéadú, athléimneacht i gcoinne rioscaí tubaistí lena n-áirítear an athléimneacht sheismeach, sábháilteacht ó dhóiteán, substaintí guaiseacha lena n-áirítear aispeist a bhaint, agus inrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas. | Níor sainmhíníodh an coincheap "athchóiriú domhain" i reachtaíocht an Aontais go fóill. D'fhonn an fhís fhadtéarmach d'fhoirgnimh a bhaint amach, ba cheart athchóiriú domhain a shainmhíniú mar athchóiriú lena ndéantar foirgnimh astaíochtaí nialasacha ***in aon iarracht amháin***. Is é is cuspóir don sainmhíniú sin ***nach leanfar de bhreoslaí iontaise a úsáid sna foirgnimh athchóirithe mar thoradh ar an athchóiriú céimneach, rud a mbíonn uaillmhian íseal mar thoradh air***. Is deis den scoth é athchóiriú domhain chun críoch ***astaíochtaí nialasacha*** maidir le haghaidh a thabhairt ar ghnéithe eile amhail dálaí maireachtála teaghlach leochaileach, athléimneacht in aghaidh an athraithe aeráide a mhéadú, athléimneacht i gcoinne rioscaí tubaistí lena n-áirítear an athléimneacht sheismeach, sábháilteacht ó dhóiteán, substaintí guaiseacha lena n-áirítear aispeist a bhaint, agus inrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas. |

**Cúis**

Níl sé réalaíoch bheith ag súil go ndéanfar athchóirithe níos mó ná uair amháin le linn na 10 mbliana seo. Is é is aidhm don leasú torthaí feidhmíochta fuinnimh atá níos costéifeachtúla agus níos éifeachtaí a áirithiú.

**Leasú 22**

Aithris 35

| Téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| Ba cheart do na Ballstáit tacú le huasghráduithe feidhmíochta fuinnimh ***ar fhoirgnimh atá ann faoi láthair*** a chuidíonn le timpeallacht shláintiúil laistigh a bhaint amach, lena n-áirítear trí aispeist agus substaintí díobhálacha eile a bhaint, lena gcuirtear cosc ar bhaint neamhdhleathach substaintí díobhálacha agus comhlíonadh gníomhartha reachtacha atá ann cheana féin amhail Treoracha 2009/148/AE [1] agus Treoir (AE) 2016/2284 [2] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle á éascú. | Ba cheart do na Ballstáit ***agus do na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha*** tacú le huasghráduithe feidhmíochta fuinnimh ***a bhfuil sé d'aidhm acu stoc foirgneamh atá saor ó astaíochtaí a bhaint amach agus*** a chuidíonn le timpeallacht shláintiúil laistigh a bhaint amach, lena n-áirítear trí aispeist agus substaintí díobhálacha eile a bhaint, lena gcuirtear cosc ar bhaint neamhdhleathach substaintí díobhálacha agus comhlíonadh gníomhartha reachtacha atá ann cheana féin amhail Treoracha 2009/148/AE [1] agus Treoir (AE) 2016/2284 [2] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle á éascú. |
| [1] Treoir 2009/148/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le hoibrithe a chosaint ar rioscaí a bhaineann le bheith faoi lé aispeiste ar an láthair oibre (IO L 330, 16.12.2009, lch. 28).<br>[2] Treoir (AE) 2016/2284 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2016 maidir le hastaíochtaí náisiúnta truailleán áirithe san aer a laghdú, lena leasaítear Treoir 2003/35/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/81/CE (IO L 344, 17.12.2016, lch. 1). | [1] Treoir 2009/148/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le hoibrithe a chosaint ar rioscaí a bhaineann le bheith faoi lé aispeiste ar an láthair oibre (IO L 330, 16.12.2009, lch. 28).<br>[2] Treoir (AE) 2016/2284 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2016 maidir le hastaíochtaí náisiúnta truailleán áirithe san aer a laghdú, lena leasaítear Treoir 2003/35/CE agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/81/CE (IO L 344, 17.12.2016, lch. 1). |

**Cúis**

Féinmhínitheach.

**Leasú 23**

Aithris 37

| Téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| Nuair atá feithiclí leictreacha comhcheangailte le sciar méadaithe de tháirgeadh leictreachais in-athnuaite, táirgeann siad níos lú astaíochtaí gás ceaptha teasa. Is cuid thábhachtach d'aistriú fuinnimh glan iad feithiclí leictreacha bunaithe ar bhearta éifeachtúlachta fuinnimh, breoslaí malartacha, fuinnimh in-athnuaite agus réitigh nuálacha bainistithe solúbthachta fuinnimh. Is féidir cóid foirgníochta a úsáid go héifeachtach chun ceanglais spriocdhírithe a thabhairt isteach chun tacú le himscaradh an bhonneagair athluchtaithe i gcarrchlóis foirgneamh cónaithe agus neamhchónaithe. Ba cheart do na Ballstáit bacainní amhail dreasachtaí deighilte agus castachtaí riaracháin a bhaint a bhíonn ina mbacainní ag úinéirí aonair agus iad ag iarraidh pointe athluchtaithe a shuiteáil ar a spás páirceála. | Nuair atá feithiclí leictreacha comhcheangailte le sciar méadaithe de tháirgeadh leictreachais in-athnuaite, táirgeann siad níos lú astaíochtaí gás ceaptha teasa. Is cuid thábhachtach d'aistriú fuinnimh glan iad feithiclí leictreacha bunaithe ar bhearta éifeachtúlachta fuinnimh, breoslaí malartacha, fuinnimh in-athnuaite agus réitigh nuálacha bainistithe solúbthachta fuinnimh. Is féidir cóid foirgníochta a úsáid go héifeachtach chun ceanglais spriocdhírithe a thabhairt isteach chun tacú le himscaradh an bhonneagair athluchtaithe i gcarrchlóis ***agus saoráid páirceála rothar*** foirgneamh cónaithe agus neamhchónaithe. Ba cheart do na Ballstáit bacainní amhail dreasachtaí deighilte agus castachtaí riaracháin a bhaint a bhíonn ina mbacainní ag úinéirí aonair agus iad ag iarraidh pointe athluchtaithe a shuiteáil ar a spás páirceála. |

**Cúis**

Is léir an chúis atá leis seo.

**Leasú 24**

Aithris 40

| Téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| Cuid lárnach den Chomhaontú Glas don Eoraip is ea an tsoghluaisteacht ghlas a chur chun cinn agus is féidir le foirgnimh ról tábhachtach a bheith acu maidir leis an mbonneagar is gá a chur ar fáil, ní hamháin chun feithiclí leictreacha a athluchtú ach rothair freisin. Is féidir astaíochtaí gás ceaptha teasa ón ***iompar*** a laghdú go suntasach ach aistriú chuig soghluaisteacht bhog, an rothaíocht mar shampla. Mar a leagtar amach sa phlean um Sprioc Aeráide 2030, trí mhéadú a dhéanamh ar chionta módacha an iompair phríobháidigh agus phoiblí atá glan agus éifeachtúil, an rothaíocht mar shampla, is lú go mór an truailliú a thiocfaidh ón ***iompar*** agus rachaidh sé chun sochair go mór do shaoránaigh agus do phobail aonair. Tá an easpa spásanna páirceála rothar ina bhac mór ar dhaoine tabhairt faoin rothaíocht, i bhfoirgnimh chónaithe agus neamhchónaithe araon. Is féidir le ***cóid foirgníochta*** tacú go héifeachtach leis an aistriú chuig soghluaisteacht níos glaine trí cheanglais a leagan síos do líon íosta spásanna páirceála rothar. | Cuid lárnach den Chomhaontú Glas don Eoraip is ea an tsoghluaisteacht ghlas a chur chun cinn agus is féidir le foirgnimh ról tábhachtach a bheith acu maidir leis an mbonneagar is gá a chur ar fáil, ní hamháin chun feithiclí leictreacha a athluchtú ach rothair freisin. Is féidir astaíochtaí gás ceaptha teasa ón ***tsoghluaisteacht*** a laghdú go suntasach ach aistriú chuig soghluaisteacht bhog, an rothaíocht mar shampla. Mar a leagtar amach sa phlean um Sprioc Aeráide 2030, trí mhéadú a dhéanamh ar chionta módacha an iompair phríobháidigh agus phoiblí atá glan agus éifeachtúil, an rothaíocht mar shampla, is lú go mór an truailliú a thiocfaidh ón ***tsoghluaisteacht*** agus rachaidh sé chun sochair go mór do shaoránaigh agus do phobail aonair. Tá an easpa spásanna páirceála rothar ina bhac mór ar dhaoine tabhairt faoin rothaíocht, i bhfoirgnimh chónaithe agus neamhchónaithe araon. Is féidir le ***beartais úsáide talún agus pleanála uirbí*** tacú go héifeachtach leis an aistriú chuig soghluaisteacht níos glaine trí cheanglais a leagan síos do líon íosta spásanna páirceála rothar. |

**Cúis**

Is léir an chúis atá leis seo.

**Leasú 25**

Aithris 43

| Téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| Ba cheart an táscaire ullmhachta cliste a úsáid chun tomhas a dhéanamh ar chumas foirgneamh teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide agus córais leictreonacha a úsáid d'fhonn oibriú na bhfoirgneamh a chur in oiriúint do riachtanais na n-áititheoirí agus na heangaí agus chun éifeachtúlacht fuinnimh agus feidhmíocht fhoriomlán foirgneamh a fheabhsú. Leis an táscaire ullmhachta cliste, ba cheart feasacht a mhúscailt i measc úinéirí agus áititheoirí foirgnimh maidir leis an luach atá ar an uathoibriú foirgneamh agus ar an bhfaireachán leictreonach ar chórais theicniúla foirgneamh agus muinín a thabhairt d'áititheoirí maidir leis na coigiltí iarbhír a bhaineann leis na feidhmiúlachtaí breisithe nua sin. Tá tairbhe ar leith ag baint leis an táscaire ullmhachta cliste maidir le foirgnimh mhóra a bhfuil éileamh ard fuinnimh orthu. Maidir le foirgnimh eile, ba cheart úsáid na scéime chun ullmhacht chliste foirgneamh a rátáil a bheith roghnach do na Ballstáit. | Ba cheart an táscaire ullmhachta cliste a úsáid chun tomhas a dhéanamh ar chumas foirgneamh teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide agus córais leictreonacha a úsáid d'fhonn oibriú na bhfoirgneamh a chur in oiriúint do riachtanais na n-áititheoirí agus na heangaí agus chun éifeachtúlacht fuinnimh agus feidhmíocht fhoriomlán foirgneamh a fheabhsú. Leis an táscaire ullmhachta cliste, ba cheart feasacht a mhúscailt i measc úinéirí agus áititheoirí foirgnimh maidir leis an luach atá ar an uathoibriú foirgneamh agus ar an bhfaireachán leictreonach ar chórais theicniúla foirgneamh agus muinín a thabhairt d'áititheoirí maidir leis na coigiltí iarbhír a bhaineann leis na feidhmiúlachtaí breisithe nua sin. Tá tairbhe ar leith ag baint leis an táscaire ullmhachta cliste maidir le foirgnimh mhóra a bhfuil éileamh ard fuinnimh orthu. Maidir le foirgnimh eile, ba cheart úsáid na scéime chun ullmhacht chliste foirgneamh a rátáil a bheith roghnach do na Ballstáit. ***Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear oiliúint leordhóthanach ar an bhfoireann theicniúil atá ag obair sna húdaráis áitiúla agus réigiúnacha ar an ábhar.*** |

**Cúis**

Tá fothú acmhainneachta ar an leibhéal áitiúil agus réigiúnach ar cheann de na príomhbhacainní ar an gclaochlú is gá.

**Leasú 26**

Aithris 45

| Téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| Ba cheart ionstraimí airgeadais an Aontais a úsáid chun cuspóirí na Treorach seo a chur i bhfeidhm, ach gan bearta náisiúnta a chur ina n-áit. Thar aon rud eile, de bharr scála na hiarrata athchóirithe atá ag teastáil, ba cheart iad a úsáid chun modhanna maoinithe iomchuí agus ceannródaíocha a chur ar fáil chun dlús a chur le hinfheistíocht i bhfeidhmíocht fuinnimh foirgneamh. D'fhéadfadh tábhacht ar leith a bheith leo chun cistí náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla maidir le ***héifeachtúlacht fuinnimh*** a fhorbairt chomh maith le hionstraimí nó sásraí, rudaí a chuireann na féidearthachtaí sin ar fáil d'úinéirí réadmhaoine, d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus do ghnólachtaí seirbhíse éifeachtúlachta fuinnimh. | Ba cheart ionstraimí airgeadais an Aontais a úsáid chun cuspóirí na Treorach seo a chur i bhfeidhm, ach gan bearta náisiúnta a chur ina n-áit. Thar aon rud eile, de bharr scála na hiarrata athchóirithe atá ag teastáil, ba cheart iad a úsáid chun modhanna maoinithe iomchuí agus ceannródaíocha a chur ar fáil chun dlús a chur le hinfheistíocht i bhfeidhmíocht fuinnimh foirgneamh. D'fhéadfadh tábhacht ar leith a bheith leo chun cistí náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla maidir le ***hathchóiriú*** a fhorbairt chomh maith le hionstraimí nó sásraí, rudaí a chuireann na féidearthachtaí sin ar fáil d'úinéirí réadmhaoine, ***do bhardais agus d'údaráis áitiúla,*** d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide agus do ghnólachtaí seirbhíse éifeachtúlachta fuinnimh. |

**Cúis**

Is léir an chúis atá leis seo.

**Leasú 27**

Aithris 47

| Téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| Ní dhéanfar freastal ar na riachtanais athchóirithe tríd an maoiniú amháin. Mar aon leis an maoiniú, tá bunú uirlisí comhairleacha agus ionstraimí cúnaimh inrochtana agus trédhearcacha amhail ionaid ilfhreastail ina ***soláthraítear seirbhísí agus éascaitheoirí athchóirithe fuinnimh comhtháite***, chomh maith le bearta agus tionscnaimh eile a chur chun feidhme ***amhail iad siúd dá dtagraítear i Maoiniú Cliste d'Fhoirgnimh Chliste ón gCoimisiún,*** tá sé fíor-riachtanach chun an creat ceart cumasúcháin a chur ar fáil agus deireadh a chur le bacainní ar an athchóiriú. | Ní dhéanfar freastal ar na riachtanais athchóirithe tríd an maoiniú amháin. Mar aon leis an maoiniú, tá bunú uirlisí comhairleacha agus ionstraimí cúnaimh inrochtana agus trédhearcacha amhail ionaid ilfhreastail ina ***n-eagraítear agus ina bpleanáiltear athchóiriú comharsanachtaí iomlána agus/nó grúpaí foirgneamh agus lena n-áiritheofar go soláthróidh tionscal na tógála foirgnimh saor ó astaíochtaí gan rómheastachán a dhéanamh ar an gcostas athchóirithe***, chomh maith le bearta agus tionscnaimh eile a chur chun feidhme ***lena ndírítear ar fhoirgnimh saor ó astaíochtaí,*** tá sé fíor-riachtanach chun an creat ceart cumasúcháin a chur ar fáil agus deireadh a chur le bacainní ar an athchóiriú. ***Chun aghaidh a thabhairt ar an ngannntanas oibrithe oilte atá ann faoi láthair, lena n-áirítear sna ranna áitiúla agus réigiúnacha freisin, ní mór iarrachtaí suntasacha a dhéanamh chun scileanna agus cumais leordhóthanacha a fhorbairt agus a mhúineadh chun cur chun feidhme rianúil an phróisis a áirithiú. Chuige sin, ní mór plean oiliúna foirmiúil speisialaithe ar ardcháilíocht a bhunú sa réimse le haghaidh baill foirne/teicneoirí atá ag obair do na húdaráis éagsúla sna Ballstáit a bhfuil baint acu leis na próisis ghaolmhara éagsúla.*** |

**Cúis**

Tá scileanna leordhóthanacha ríthábhachtach chun an Treoir maidir le FFF a chur chun feidhme.

**Leasú 28**

Aithris 48

| Téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| Is minic a bhíonn foirgnimh neamhéifeachtúla nasctha le bochtaineacht fuinnimh agus le fadhbanna sóisialta. Tá teaghlaigh leochaileacha neamhchosanta go háirithe ar phraghsanna fuinnimh mar go gcaitheann siad sciar níos mó dá mbuiséad ar tháirgí fuinnimh. ***Trí bhillí iomarcacha fuinnimh a laghdú, is féidir leis an athchóiriú foirgneamh daoine a thabhairt slán as*** an mbochtaineacht fuinnimh ***agus í a chosc. Ag an am céanna, níl an t-athchóiriú foirgneamh saor in aisce, agus tá sé ríthábhachtach a áirithiú go gcoinneofar tionchar sóisialta na gcostas a bhaineann leis an athchóiriú foirgneamh, go háirithe ar theaghlaigh leochaileacha, faoi smacht***. Níor cheart aon duine a fhágáil ar gcúl leis an rabharta athchóiriúcháin, agus níor cheart é a thapú mar dheis chun staid na dteaghlach leochaileach a fheabhsú agus aistriú cothrom i dtreo neodracht aeráide a áirithiú. […] | Is minic a bhíonn foirgnimh neamhéifeachtúla nasctha le bochtaineacht fuinnimh agus le fadhbanna sóisialta. Tá teaghlaigh leochaileacha neamhchosanta go háirithe ar phraghsanna fuinnimh mar go gcaitheann siad sciar níos mó dá mbuiséad ar tháirgí fuinnimh. ***Chun deireadh a chur leis*** an mbochtaineacht fuinnimh***, ní mór foirgnimh a athchóiriú chun go mbeidh siad saor nó nach mór saor ó astaíochtaí d'fhonn billí fuinnimh a laghdú go mór, agus chun a áirithiú gur táirgeoirí fuinnimh a bheidh iontu, nuair is féidir. Ba cheart athchóiriú a dhéanamh ar fhoirgnimh ina bhfuil teaghlaigh leochaileacha, gan aon chostas orthu. Ba cheart d'ionstraimí airgeadais an Aontais agus na mBallstát tacú leis an athchóiriú sin.*** Níor cheart aon duine a fhágáil ar gcúl leis an rabharta athchóiriúcháin, agus níor cheart é a thapú mar dheis chun staid na dteaghlach leochaileach a fheabhsú agus aistriú cothrom i dtreo neodracht aeráide a áirithiú […]<br><br>***Ní mór don chistiú agus do na ráthaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith ann an t-ualach nua ar úinéirí-áititheoirí a chumhdach go sonrach, ar daoine iad a d'oibrigh go dian chun íoc as a dtithe le blianta fada, agus arb iad a n-árachas pinsin seanaoise iad na tithe sin. Trí thacaíocht agus ráthaíochtaí a spriocdhíriú, is féidir dul chun cinn a éascú agus dreasachtaí a chur ar fáil ina leith sin.*** |

**Cúis**

Is saincheist an-ábhartha í an bhochtaineacht fuinnimh agus tá gá le cur chuige córasach lena ndírítear ar dheireadh a chur léi. Tá sé deacair do dhaoine scothaosta airgead a fháil ar iasacht. Dá bhrí sin, is gá réitigh a thairiscint do ghrúpaí ábhartha chun na hinfheistíochtaí tí riachtanacha a dhéanamh le dul i ngleic leis an athrú aeráide.

**Leasú 29**

Aithris 50

| Téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| Éascaítear faireachán ar stoc na bhfoirgneamh trí infhaighteacht sonraí arna mbailiú ag uirlisí digiteacha, rud a laghdóidh costais riaracháin. Dá bhrí sin, ba cheart bunachair sonraí náisiúnta le haghaidh feidhmíocht fuinnimh foirgneamh a chur ar bun, agus ba cheart an fhaisnéis atá iontu a aistriú chuig Faireachlann an Aontais um Stoc Foirgnimh. | Éascaítear faireachán ar stoc na bhfoirgneamh trí infhaighteacht sonraí arna mbailiú ag uirlisí digiteacha, rud a laghdóidh costais riaracháin. Dá bhrí sin, ba cheart bunachair sonraí náisiúnta le haghaidh ***astaíochtaí gás ceaptha teasa agus*** feidhmíocht fuinnimh foirgneamh a chur ar bun, agus ba cheart an fhaisnéis atá iontu a aistriú chuig Faireachlann an Aontais um Stoc Foirgnimh. |

**Cúis**

Is léir an chúis atá leis seo.

**Leasú 30**

Aithris 52

| Téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| Le blianta beaga anuas tá fás tagtha ar líon na gcóras aerchóirithe i dtíortha na hEorpa. Bíonn fadhbanna móra ann ag na hamanna is mó éileamh ar na córais sin, rud a chuireann le costas an leictreachais chomh maith leis an gcomhordú fuinnimh a chur as a riocht. Ba cheart tús áite a thabhairt do straitéisí a chuireann feabhas ar fheidhmíocht theirmeach na bhfoirgneamh i rith an tsamhraidh. Chuige sin, ba cheart go ndíreofaí ar bhearta lena seachnófar an róthéamh, an scáthú agus acmhainn theirmeach leordhóthanach i dtógáil na bhfoirgneamh cuir i gcás, agus teicnící fuaraithe éighníomhaigh a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm níos mó, go príomha na teicnící a chuireann feabhas ar dhálaí aeráide laistigh agus ar an micrea-aeráide thart ar fhoirgnimh. | Le blianta beaga anuas tá fás tagtha ar líon na gcóras aerchóirithe i dtíortha na hEorpa ***agus meastar go dtiocfaidh méadú ar líon na gcóras aerchóirithe mar thoradh ar an téamh domhanda a bhfuiltear ag súil leis mura ndéantar bearta réamhghníomhacha le linn na 10 mbliana seo romhainn chun réitigh éighníomhacha fuaraithe a shuiteáil***. Bíonn fadhbanna móra ann ag na hamanna is mó éileamh ar na córais sin, rud a chuireann le costas an leictreachais chomh maith leis an gcomhordú fuinnimh a chur as a riocht. Ba cheart tús áite a thabhairt do straitéisí a chuireann feabhas ar fheidhmíocht theirmeach na bhfoirgneamh i rith an tsamhraidh. Chuige sin, ba cheart go ndíreofaí ar bhearta lena seachnófar an róthéamh, an scáthú agus acmhainn theirmeach leordhóthanach i dtógáil na bhfoirgneamh cuir i gcás, agus teicnící fuaraithe éighníomhaigh a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm níos mó, go príomha na teicnící a chuireann feabhas ar dhálaí aeráide laistigh agus ar an micrea-aeráide thart ar fhoirgnimh. |

**Cúis**

Is léir an chúis atá leis seo.

**Leasú 31**

Aithris 55

| Téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| Ó tharla gur ríthábhachtach údaráis áitiúla agus réigiúnacha i gcur chun feidhme na Treorach seo go rathúil, ba cheart dul i gcomhairle leo agus a rannpháirtíocht a lorg, ***sa chás agus san am inarb iomchuí sin*** i gcomhréir leis an reachtaíocht is infheidhme, maidir le cúrsaí pleanála, cláir a fhorbairt chun faisnéis a sholáthar, oiliúint agus fógraíocht, agus maidir le cur chun feidhme na Treorach seo ar an leibhéil náisiúnta ***agus*** réigiúnach. ***Féadfaidh comhairliúcháin den chineáil sin fónamh chun*** treoir leordhóthanach a chur ar fáil do phleanálaithe áitiúla ionas gur féidir leo na tascanna is gá a dhéanamh a chur i gcrích. Thairis sin, ba cheart do na Ballstáit pleanálaithe agus ailtirí a chumasú agus a spreagadh chun go mbeidh siad in ann a machnamh a dhéanamh mar is ceart ar an teaglaim is fearr agus is feiliúnaí d'fhoinsí in-athnuaite fuinnimh, de theicneolaíochtaí ardéifeachtúlachta agus den téamh agus den fhuarú spáis, tráth a mbeidh pleanáil, dearadh, tógáil nó athfheistiú á ndéanamh acu ar limistéir thionsclaíocha, thráchtála nó chónaithe. | Ó tharla gur ríthábhachtach údaráis áitiúla agus réigiúnacha i gcur chun feidhme na Treorach seo go rathúil, ba cheart dul i gcomhairle leo agus a rannpháirtíocht a lorg, i gcomhréir ***le prionsabal na coimhdeachta agus prionsabal na comhréireachta, agus*** leis an reachtaíocht is infheidhme, maidir le cúrsaí pleanála, cláir a fhorbairt chun faisnéis a sholáthar, oiliúint agus fógraíocht, agus maidir le cur chun feidhme na Treorach seo ar an leibhéal náisiúnta ***nó*** réigiúnach ***agus áitiúil***. ***Ba cheart do chomhairliúcháin den chineál sin a bheith ina rannchuidiú leis an idirphlé il-leibhéil náisiúnta fuinnimh agus aeráide agus féadfaidh siad*** treoir leordhóthanach a chur ar fáil do phleanálaithe áitiúla ionas gur féidir leo na tascanna is gá a dhéanamh a chur i gcrích. ***I ndáil leis sin, ba cheart é a bheith indéanta, faoi chuimsiú na Treorach seo, freagairt do na dálaí a bhíonn an-éagsúil go minic i limistéir uirbeacha agus i limistéir thuaithe ina bhfuil sciar ard tithe aonteaghlaigh agus ilteaghlaigh agus struchtúr éagsúil lonnaíochta, agus na sonraíochtaí a dhearadh ar bhealach a oireann do gach réigiún.*** Thairis sin, ba cheart do na Ballstáit ***agus do na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha*** pleanálaithe agus ailtirí a chumasú agus a spreagadh chun go mbeidh siad in ann a machnamh a dhéanamh mar is ceart ar an teaglaim is fearr agus is feiliúnaí d'fhoinsí in-athnuaite fuinnimh, ***de choigilteas fuinnimh,*** de theicneolaíochtaí ardéifeachtúlachta agus den téamh agus den fhuarú spáis, tráth a mbeidh pleanáil, dearadh, tógáil nó athfheistiú á ndéanamh acu ar limistéir thionsclaíocha, thráchtála nó chónaithe. ***Ina theannta sin, tá sé riachtanach úsáid acmhainní atá inrochtana go háitiúil a chur chun cinn agus dul i gcomhairle le saineolaithe luachmhara i dtaca le pleanáil, dearadh, tógáil agus athfheistiú limistéar tionsclaíoch nó cónaithe.***<br><br>***Tá ról lárnach ag na Ballstáit maidir le tacaíocht a thabhairt do na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha san iarracht sin.*** |

**Cúis**

Rannchuidíonn sé leis na héifeachtaí diúltacha ar an aeráid a mhaolú má bhaintear úsáid as acmhainní agus saineolaithe atá ar fáil go háitiúil.

**Leasú 32**

Airteagal 1

| Téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| **Ábhar** | **Ábhar** |
| 1. Leis an Treoir seo, cuirtear feidhmíocht fuinnimh foirgneamh agus laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa ó fhoirgnimh san Aontas chun cinn, d'fhonn stoc foirgnimh astaíochtaí nialasacha a bhaint amach faoin mbliain 2050 agus dálaí aeráide lasmuigh agus dálaí áitiúla á gcur san áireamh, mar aon le ceanglais aeráide laistigh agus an chostéifeachtúlacht. | 1. Leis an Treoir seo, cuirtear ***laghdú ar an éileamh ar fhuinneamh agus ar ábhair thar shaolré foirgneamh chun cinn, cuirtear*** feidhmíocht fuinnimh foirgneamh agus laghdú astaíochtaí gás ceaptha teasa ó fhoirgnimh san Aontas chun cinn, d'fhonn stoc foirgnimh astaíochtaí nialasacha a bhaint amach faoin mbliain 2050 agus dálaí aeráide lasmuigh agus dálaí áitiúla á gcur san áireamh, mar aon le ceanglais aeráide laistigh***, cosaint an chomhshaoil, laghdú truaillithe*** agus an chostéifeachtúlacht***, rud ar cheart seachtrachtaí comhshaoil, sochaíocha agus sláinte a chur san áireamh inti. Cuirfidh sé sin go mór le slándáil fuinnimh na hEorpa a fheabhsú.*** |
| 2. Leis an Treoir seo, leagtar síos na ceanglais maidir leis na nithe seo a leanas: | 2. Leis an Treoir seo, leagtar síos na ceanglais maidir leis na nithe seo a leanas: |
| (a) an creat ginearálta comhchoiteann maidir le modheolaíocht chun feidhmíocht fuinnimh chomhtháite foirgneamh agus aonad foirgnimh a ríomh; | (a) an creat ginearálta comhchoiteann maidir le modheolaíocht chun feidhmíocht fuinnimh chomhtháite foirgneamh agus aonad foirgnimh a ríomh ***chun go mbeidh siad saor nó nach mór saor ó astaíochtaí gás ceaptha teasa***; |
| (b) cur i bhfeidhm na n-íoscheanglas i gcás fheidhmíocht fuinnimh na bhfoirgneamh nua agus na n-aonad foirgnimh nua; | (b) cur i bhfeidhm na n-íoscheanglas i gcás fheidhmíocht fuinnimh na bhfoirgneamh nua agus na n-aonad foirgnimh nua; |
| (c) cur i bhfeidhm na n-íoscheanglas i gcás fheidhmíocht fuinnimh na nithe seo a leanas: | (c) cur i bhfeidhm na n-íoscheanglas i gcás fheidhmíocht fuinnimh na nithe seo a leanas: |
| (i) foirgnimh atá ann cheana agus aonaid fhoirgnimh a bhfuiltear ag déanamh athchóiriú mór orthu; | (i) foirgnimh atá ann cheana agus aonaid fhoirgnimh a bhfuiltear ag déanamh athchóiriú mór orthu ***chun go mbeidh siad saor nó nach mór saor ó astaíochtaí gás ceaptha teasa***; |
| (ii) codanna d'fhoirgnimh atá mar chuid den imchlúdach foirgnimh agus a bhfuil tionchar mór acu ar fheidhmíocht fuinnimh an imchlúdaigh foirgnimh nuair a dhéantar iad a iarfheistiú nó a athsholáthar; | (ii) codanna d'fhoirgnimh atá mar chuid den imchlúdach foirgnimh agus a bhfuil tionchar mór acu ar fheidhmíocht fuinnimh an imchlúdaigh foirgnimh nuair a dhéantar iad a iarfheistiú nó a athsholáthar; |
| (iii) córais theicniúla foirgneamh nuair a dhéantar iad a shuiteáil, a athsholáthar nó a nuashonrú; | (iii) córais theicniúla foirgneamh nuair a dhéantar iad a shuiteáil, a athsholáthar nó a nuashonrú; |

| Téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| (d) íoschaighdeáin feidhmíochta fuinnimh a chur i bhfeidhm maidir le foirgnimh atá ann cheana agus aonaid foirgneamh atá ann cheana; | (d) íoschaighdeáin feidhmíochta fuinnimh a chur i bhfeidhm maidir le foirgnimh atá ann cheana agus aonaid foirgneamh atá ann cheana ***chun go mbeidh siad saor nó nach mór saor ó astaíochtaí gás ceaptha teasa***; |
| (e) pasanna athchóirithe; | (e) pasanna athchóirithe; |
| (f) pleananna náisiúnta athchóirithe foirgneamh; | (f) pleananna náisiúnta athchóirithe foirgneamh; |
| (g) bonneagar soghluaisteachta inbhuanaithe i bhfoirgnimh agus cóngarach d'fhoirgnimh; agus | (g) bonneagar soghluaisteachta inbhuanaithe i bhfoirgnimh agus cóngarach d'fhoirgnimh; agus |
| (h) foirgnimh chliste; | (h) foirgnimh chliste; |
| (i) deimhniúchán feidhmíochta fuinnimh foirgneamh nó aonad foirgnimh; | (i) deimhniúchán feidhmíochta fuinnimh foirgneamh nó aonad foirgnimh; |
| (j) iniúchadh rialta ar chórais téimh, aerála agus aerchóirithe i bhfoirgnimh; | (j) iniúchadh rialta ar chórais téimh, aerála agus aerchóirithe i bhfoirgnimh; |
| (k) córais rialaithe neamhspleácha le haghaidh teastais feidhmíochta fuinnimh, pasanna athchóirithe, táscairí ullmhachta cliste agus tuarascálacha iniúchta. | (k) córais rialaithe neamhspleácha le haghaidh teastais feidhmíochta fuinnimh, pasanna athchóirithe, táscairí ullmhachta cliste agus tuarascálacha iniúchta. |
| 3. Is íoscheanglais iad na ceanglais a leagtar síos sa Treoir seo agus ní choiscfidh siad ar aon Bhallstát bearta níos déine a choimeád nó a thabhairt isteach. Beidh na bearta sin i gcomhréir le CFAE. Cuirfear in iúl don Choimisiún iad. | 3. Is íoscheanglais iad na ceanglais a leagtar síos sa Treoir seo agus ní choiscfidh siad ar aon Bhallstát bearta níos déine a choimeád nó a thabhairt isteach. Beidh na bearta sin i gcomhréir le CFAE. Cuirfear in iúl don Choimisiún iad. |

**Cúis**

Ní mór cuspóir EPBD a ailíniú leis an aeráidneodracht faoi 2050.

**Leasú 33**

Airteagal 2.2

| Téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| Ciallaíonn "foirgneamh astaíochtaí nialasacha" foirgneamh a bhfuil feidhmíocht fuinnimh an-ard aige, arna chinneadh i gcomhréir le hIarscríbhinn I, ina bhfuil an méid fuinnimh an-íseal atá fós ag teastáil á chumhdach go hiomlán ag fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a ghintear ar an láthair, ó chomhphobal fuinnimh in-athnuaite de réir bhrí Threoir (AE) 2018/2001 [RED leasaithe] ***nó*** ó chóras téimh agus fuaraithe ceantair, i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn III; | Ciallaíonn "foirgneamh astaíochtaí nialasacha" foirgneamh a bhfuil ***éileamh thar a bheith íseal ar fhuinneamh agus ar ábhair aige thar shaolré foirgneamh, foirgneamh a bhfuil*** feidhmíocht fuinnimh an-ard aige, arna chinneadh i gcomhréir le hIarscríbhinn I, ina bhfuil an méid fuinnimh an-íseal atá fós ag teastáil á chumhdach go hiomlán ag fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a ghintear ar an láthair ***nó arna soláthar trí eangach***, ó chomhphobal fuinnimh in-athnuaite de réir bhrí Threoir (AE) 2018/2001 [RED leasaithe], ó chóras téimh agus fuaraithe ceantair, i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Iarscríbhinn III ***nó foinsí in-athnuaite leithdháilte eangach-bhunaithe***; ***ciallaíonn "foirgneamh atá dearfach ó thaobh na haeráide de" foirgneamh a bhfuil éileamh thar a bheith íseal ar fhuinneamh agus ar ábhair aige thar shaolré foirgneamh, foirgneamh a bhfuil feidhmíocht fuinnimh an-ard aige, arna chinneadh i gcomhréir le hIarscríbhinn I, i gcás inar mó an táirgeadh fuinnimh san fhoirgneamh féin nó an fuinneamh a tháirgtear le haghaidh an fhoirgnimh ná an méid fuinnimh is gá don fhoirgneamh.*** |

**Cúis**

An chiorclaíocht, téamh ceantair, coincheap an fhoirgnimh atá dearfach ó thaobh na haeráide de agus critéir shaolré iomlán na bhfoirgneamh á gcur leis.

**Leasú 34**

Airteagal 2.3

| Téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| ciallaíonn "foirgneamh atá nach mór neodrach ó thaobh an fhuinnimh de" foirgneamh lena ngabhann feidhmíocht fuinnimh an-ard, arna chinneadh i gcomhréir le hIarscríbhinn I, feidhmíocht fuinnimh nach féidir a bheith níos ísle ná an leibhéal is fearr costais in 2023 arna thuairisciú ag na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 6(2) agus i gcás ina bhfuil an méid fuinnimh a éilítear, atá nach mór neodrach nó an-íseal, cumhdaithe go leibhéal an-ard ag fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite, lena n-áirítear fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite arna tháirgeadh ar an láthair nó gar dó; | ciallaíonn "foirgneamh atá nach mór neodrach ó thaobh an fhuinnimh de" foirgneamh lena ngabhann feidhmíocht fuinnimh an-ard, arna chinneadh i gcomhréir le hIarscríbhinn I, feidhmíocht fuinnimh nach féidir a bheith níos ísle ná an leibhéal is fearr costais in 2023 arna thuairisciú ag na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 6(2) agus i gcás ina bhfuil an méid fuinnimh a éilítear, atá nach mór neodrach nó an-íseal, cumhdaithe go leibhéal an-ard ag fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite, lena n-áirítear fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite arna tháirgeadh ar an láthair nó gar dó ***nó ó fhuinneamh dramhaíola aisghabháilte***; |

**Cúis**

Is táscaire coibhneasta í an fheidhmíocht fuinnimh murab ionann agus an t-éileamh fuinnimh íseal atá ina dhearbhsprioc.

**Leasú 35**

Airteagal 2.4

| Téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| Ciallaíonn "íoschaighdeáin feidhmíochta fuinnimh" rialacha lena gceanglaítear ar fhoirgnimh atá ann cheana ceanglas feidhmíochta fuinnimh a chomhlíonadh mar chuid de phlean athchóirithe leathan do stoc foirgnimh ***nó ag truicearphointe ar an margadh (ar díol nó ar cíos), laistigh de thréimhse ama nó faoi dháta sonrach, agus ar an gcaoi sin déanfar athchóiriú ar fhoirgnimh atá ann cheana***; | Ciallaíonn "íoschaighdeáin feidhmíochta fuinnimh" rialacha lena gceanglaítear ar fhoirgnimh atá ann cheana ceanglas feidhmíochta fuinnimh a chomhlíonadh ***chun go mbeidh foirgnimh atá saor nó nach mór saor ó astaíochtaí gás ceaptha teasa ann*** mar chuid de phlean athchóirithe leathan do stoc foirgnimh ***má dhéantar athchóiriú orthu faoi 2032***; |

**Cúis**

Ní mór cuspóir EPBD a ailíniú leis an aeráidneodracht faoi 2050.

**Leasú 36**

Airteagal 2.46

| Téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| 46. Ciallaíonn "achar urláir tagartha" an t-achar urláir a úsáidtear mar mhéid tagartha chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht fuinnimh foirgnimh, arna ríomh mar shuim d'achar urláir úsáideach na spásanna laistigh den imchlúdach foirgnimh atá sonraithe don mheasúnú ar fheidhmíocht fuinnimh; | 46. Ciallaíonn "achar urláir tagartha" an t-achar urláir a úsáidtear mar mhéid tagartha chun measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht fuinnimh foirgnimh, arna ríomh mar shuim d'achar urláir úsáideach na spásanna laistigh den imchlúdach foirgnimh ***agus na dromchlaí ina n-áitítear bonneagar a ídíonn fuinneamh agus a bhainistítear laistigh den fhoirgneamh*** atá sonraithe don mheasúnú ar fheidhmíocht fuinnimh; |

**Cúis**

Chun go n-áireofar sa sainmhíniú ar "achar urláir tagartha" bonneagar a bhaineann le foirgnimh agus a ídíonn fuinneamh, amhail bonneagar spóirt, linnte snámha, etc.

**Leasú 37**

Airteagal 2.57 nua

| Téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| | ***Is éard is "leordhóthanacht" ann sraith beart agus cleachtas laethúil a chuireann deireadh leis an éileamh ar fhuinneamh, ar ábhair, ar thalamh agus ar uisce agus lena n-áirithítear dea-bhail gach duine laistigh de theorainneacha an phláinéid.*** |

**Cúis**

Is straitéis chumhachtach í leordhóthanacht fuinnimh chun cuspóirí aeráide a bhaint amach.

**Leasú 38**

Airteagal 3.1

| Téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| 1. Bunóidh gach Ballstát plean athchóirithe foirgneamh náisiúnta chun athchóiriú an stoic náisiúnta d'fhoirgnimh chónaithe agus neamhchónaithe, poiblí agus príobháideach araon, ina stoc foirgnimh atá an-fhuinneamhéifeachtúil agus dícharbónaithe faoin mbliain 2050 a áirithiú, agus é mar chuspóir aige na foirgnimh atá ann faoi láthair a chlaochlú ina bhfoirgnimh lena ngabhann astaíochtaí nialasacha. | Bunóidh gach Ballstát plean athchóirithe foirgneamh náisiúnta chun athchóiriú an stoic náisiúnta d'fhoirgnimh chónaithe agus neamhchónaithe, poiblí agus príobháideach araon, ina stoc foirgnimh atá an-fhuinneamhéifeachtúil agus dícharbónaithe faoin mbliain 2050 a áirithiú, agus é mar chuspóir aige na foirgnimh atá ann faoi láthair a chlaochlú ina bhfoirgnimh lena ngabhann astaíochtaí nialasacha. ***Ba cheart don Aontas na huirlisí uile is gá a chur ar fáil do na Ballstáit, do na réigiúin agus do na cathracha chun na pleananna sin a fhorbairt.*** |
| Cuimseofar an méid seo le gach plean athchóirithe foirgneamh: | Cuimseofar an méid seo le gach plean athchóirithe foirgneamh: |
| (a) forléargas ar stoc náisiúnta foirgneamh do chineálacha éagsúla foirgneamh, tréimhsí tógála agus criosanna aeráide, bunaithe, de réir mar is iomchuí, ar shampláil staidrimh agus sa bhunachar sonraí náisiúnta le haghaidh deimhnithe feidhmíochta fuinnimh de bhun Airteagal 19, forléargas ar bhacainní margaidh agus teipeanna margaidh agus forléargas ar na hacmhainneachtaí in earnálacha na tógála, na héifeachtúlachta fuinnimh agus an fhuinnimh in-athnuaite; | (a) forléargas ar stoc náisiúnta foirgneamh do chineálacha éagsúla foirgneamh, tréimhsí tógála agus criosanna aeráide, bunaithe, de réir mar is iomchuí, ar shampláil staidrimh agus sa bhunachar sonraí náisiúnta le haghaidh deimhnithe feidhmíochta fuinnimh de bhun Airteagal 19, forléargas ar bhacainní margaidh agus teipeanna margaidh agus forléargas ar na hacmhainneachtaí in earnálacha na tógála, na héifeachtúlachta fuinnimh agus an fhuinnimh in-athnuaite; |

| Téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| (b) treochlár ina bhfuil spriocanna arna mbunú go náisiúnta agus táscairí dul chun cinn intomhaiste, ag féachaint do sprioc 2050 maidir le neodracht aeráide, chun stoc náisiúnta foirgneamh atá dícharbónaithe agus an-fhuinneamhéifeachtúil a áirithiú agus chun na foirgnimh atá ann cheana a aistriú ina bhfoirgnimh astaíochtaí nialasacha faoin mbliain 2050; | (b) ***spriocanna náisiúnta le haghaidh úsáid chiorclach ábhar agus leordhóthanachta;*** |
| (c) forléargas ar na beartais agus na bearta atá curtha chun feidhme agus atá beartaithe, lena dtacaítear le cur chun feidhme an treochláir de bhun phointe (b); agus | ***(c)*** treochlár ina bhfuil spriocanna arna mbunú go náisiúnta agus táscairí dul chun cinn intomhaiste, ag féachaint do sprioc 2050 maidir le neodracht aeráide, chun stoc náisiúnta foirgneamh atá dícharbónaithe agus an-fhuinneamhéifeachtúil a áirithiú agus chun na foirgnimh atá ann cheana a aistriú ina bhfoirgnimh astaíochtaí nialasacha faoin mbliain 2050; |
| (d) breac-chuntas ar na riachtanais infheistíochta chun an plean athchóirithe foirgneamh a chur chun feidhme, na foinsí maoinithe agus na bearta maoinithe, agus na hacmhainní riaracháin le haghaidh athchóiriú foirgneamh. | (***d***) forléargas ar na beartais agus na bearta atá curtha chun feidhme agus atá beartaithe ***lena n-áirítear beartais leordhóthanachta a d'fhéadfadh a bheith bunaithe ar choincheapa ceantair nó comharsanachta atá comhtháite go háitiúil***, lena dtacaítear le cur chun feidhme an treochláir de bhun phointe (***c***); agus<br><br>(***e***) breac-chuntas ar na riachtanais infheistíochta chun an plean athchóirithe foirgneamh a chur chun feidhme, na foinsí maoinithe agus na bearta maoinithe, agus na hacmhainní riaracháin le haghaidh athchóiriú foirgneamh. |
| Áireofar sa treochlár dá dtagraítear i bpointe (***b***) spriocanna náisiúnta do 2030, 2040 agus 2050 a mhéid a bhaineann leis an ráta athchóirithe fuinnimh bliantúil, tomhaltas príomhúil agus deiridh fuinnimh an stoic náisiúnta foirgneamh agus a laghduithe oibríochtúla ar astaíochtaí gás ceaptha teasa; amlínte sonracha d'fhoirgnimh chun aicmí feidhmíochta fuinnimh níos airde a bhaint amach de bhun Airteagal 9(1), faoi na blianta 2040 agus faoi 2050, i gcomhréir leis an mbealach chun an stoc náisiúnta foirgneamh a chlaochlú ina fhoirgnimh astaíochtaí nialasacha; meastachán fianaise-bhunaithe ar an gcoigilteas fuinnimh agus na tairbhí ginearálta a bhaineann leis […] | Áireofar sa treochlár dá dtagraítear i bpointe (***c***) spriocanna náisiúnta do 2030, 2040 agus 2050 a mhéid a bhaineann leis an ráta athchóirithe fuinnimh bliantúil, tomhaltas príomhúil agus deiridh fuinnimh an stoic náisiúnta foirgneamh agus a laghduithe oibríochtúla ar astaíochtaí gás ceaptha teasa; amlínte sonracha d'fhoirgnimh chun aicmí feidhmíochta fuinnimh níos airde a bhaint amach de bhun Airteagal 9(1), faoi na blianta 2040 agus faoi 2050, i gcomhréir leis an mbealach chun an stoc náisiúnta foirgneamh a chlaochlú ina fhoirgnimh astaíochtaí nialasacha; meastachán fianaise-bhunaithe ar an gcoigilteas fuinnimh***, laghdú astaíochtaí*** agus na tairbhí ginearálta a bhaineann leis***, bunaithe ar choincheapa ceantair nó comharsanachta atá comhtháite go háitiúil*** […] |

**Cúis**

Ní mór cuspóir EPBD a ailíniú leis an aeráidneodracht faoi 2050.

**Leasú 39**

Airteagal 3.4

| Téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| 4. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar na dréachtphleananna náisiúnta athchóirithe foirgneamh, go háirithe: | 4. Déanfaidh an Coimisiún measúnú ar na dréachtphleananna náisiúnta athchóirithe foirgneamh, go háirithe: |
| (a) an leor leibhéal uaillmhéine na spriocanna arna mbunú go náisiúnta agus an ***bhfuil an leibhéal uaillmhéine sin*** i gcomhréir leis na gealltanais náisiúnta maidir leis an aeráid agus leis an bhfuinneamh a leagtar síos sna pleananna comhtháite náisiúnta don fhuinneamh agus don aeráid; | (a) an leor leibhéal uaillmhéine na spriocanna arna mbunú go náisiúnta agus an ***mbeidh stoc foirgneamh dícharbónaithe mar thoradh air faoi 2050*** i gcomhréir leis na gealltanais náisiúnta maidir leis an aeráid agus leis an bhfuinneamh a leagtar síos sna pleananna comhtháite náisiúnta don fhuinneamh agus don aeráid; |
| (b) an leor na beartais agus na bearta chun na spriocanna a bunaíodh go náisiúnta a bhaint amach; | (b) an leor na beartais agus na bearta chun na spriocanna a bunaíodh go náisiúnta a bhaint amach ***gan éifeacht gaibhnithe carbóin a bheith acu ar na foirgnimh athchóirithe***; |
| (c) an leor leithdháileadh acmhainní buiséadacha agus riaracháin chun an plean a chur chun feidhme; | (c) an leor leithdháileadh acmhainní buiséadacha agus riaracháin chun an plean a chur chun feidhme; |
| (d) an raibh comhairliúchán poiblí de bhun mhír 3 cuimsitheach a dhóthain; agus | (d) an raibh comhairliúchán poiblí de bhun mhír 3 cuimsitheach a dhóthain; agus |
| (e) an gcomhlíonann na pleananna ceanglais mhír 1 agus an teimpléad in Iarscríbhinn II. Tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste arna bhunú le hAirteagal 30, féadfaidh an Coimisiún moltaí tír-shonracha a eisiúint do na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 9(2) agus le hAirteagal 34 de Rialachán (AE) 2018/1999. Maidir leis an gcéad dréachtphlean athchóirithe foirgneamh, féadfaidh an Coimisiún moltaí a bhaineann go sonrach le tíortha faoi leith a eisiúint chuig na Ballstáit tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis don Bhallstát an plean sin a thíolacadh. | (e) an gcomhlíonann na pleananna ceanglais mhír 1 agus an teimpléad in Iarscríbhinn II. Tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste arna bhunú le hAirteagal 30, féadfaidh an Coimisiún moltaí tír-shonracha a eisiúint do na Ballstáit i gcomhréir le hAirteagal 9(2) agus le hAirteagal 34 de Rialachán (AE) 2018/1999. Maidir leis an gcéad dréachtphlean athchóirithe foirgneamh, féadfaidh an Coimisiún moltaí a bhaineann go sonrach le tíortha faoi leith a eisiúint chuig na Ballstáit tráth nach déanaí ná 6 mhí tar éis don Bhallstát an plean sin a thíolacadh. |

**Cúis**

Féinmhínitheach.

**Leasú 40**

Airteagal 5.1

| Téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| **Íoscheanglais feidhmíochta fuinnimh a shocrú** | **Íoscheanglais feidhmíochta fuinnimh a shocrú** |
| 1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go socraítear íoscheanglais feidhmíochta fuinnimh le haghaidh foirgneamh nó aonaid foirgnimh ***d'fhonn ar a laghad na leibhéil is fearr ó thaobh costais de a bhaint amach.*** Déanfar an fheidhmíocht fuinnimh a ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht dá dtagraítear in Airteagal 4. Déanfar ***na leibhéil chostais is fearr*** a ríomh i gcomhréir leis an gcreat modheolaíochta comparáideach dá dtagraítear in Airteagal 6. | 1. Déanfaidh na Ballstáit ***i gcomhar leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha*** na bearta is gá chun a áirithiú go socraítear íoscheanglais feidhmíochta fuinnimh le haghaidh foirgneamh nó aonaid foirgnimh ***i gcomhréir leis an mbealach chun an stoc foirgneamh náisiúnta a bheith aeráidneodrach faoi 2050.*** Déanfar an fheidhmíocht fuinnimh a ríomh i gcomhréir leis an modheolaíocht dá dtagraítear in Airteagal 4. Déanfar ***an caighdeán astaíochtaí nialasacha*** a ríomh i gcomhréir leis an gcreat modheolaíochta comparáideach dá dtagraítear in Airteagal 6. |

| Téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go socraítear íoscheanglais feidhmíochta fuinnimh le haghaidh codanna d'fhoirgnimh atá mar chuid den imchlúdach foirgnimh agus a bhfuil tionchar mór acu ar fheidhmíocht fuinnimh an imchlúdaigh foirgnimh nuair a dhéantar iad a ionadú nó a iarfheistiú, d'fhonn ***ar a laghad na leibhéil is fearr ó thaobh costais de*** a bhaint amach. | Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go socraítear íoscheanglais feidhmíochta fuinnimh le haghaidh codanna d'fhoirgnimh atá mar chuid den imchlúdach foirgnimh agus a bhfuil tionchar mór acu ar fheidhmíocht fuinnimh an imchlúdaigh foirgnimh nuair a dhéantar iad a ionadú nó a iarfheistiú, d'fhonn ***caighdeán astaíochtaí nialasacha*** a bhaint amach. |
| Nuair a shocraítear ceanglais, féadfaidh na Ballstáit dealú a dhéanamh idir foirgnimh nua agus foirgnimh atá ann cheana agus idir catagóirí difriúla foirgneamh.<br>Leis na ceanglais sin, cuirfear san áireamh dálaí ***ginearálta aeráide*** laistigh, ***chun tionchar diúltach féideartha a sheachaint amhail aeráil uireasach,*** chomh maith le dálaí áitiúla agus feidhm ainmnithe agus aois an fhoirgnimh.<br>***Déanfaidh Ballstáit a n-íoscheanglais feidhmíochta fuinnimh a athbhreithniú ag tráthanna rialta nach faide ná gach 5 bliana agus déanfaidh siad iad, más gá, a uasghrádú chun an dul chun cinn teicniúil in earnáil na foirgníochta, torthaí an ríomha is fearr costais a leagtar amach in Airteagal 6, agus beartais agus spriocanna náisiúnta aeráide agus fuinnimh a léiriú.*** | Nuair a shocraítear ceanglais, féadfaidh na Ballstáit dealú a dhéanamh idir foirgnimh nua agus foirgnimh atá ann cheana agus idir catagóirí difriúla foirgneamh. Leis na ceanglais sin, cuirfear san áireamh ***an gá atá le*** dálaí ***iomchuí cáilíochta comhshaoil*** laistigh, chomh maith le dálaí áitiúla agus feidhm ainmnithe agus aois an fhoirgnimh. ***Ba cheart na dálaí áitiúla sin a mheas de réir réigiúin, ní ar an leibhéal náisiúnta, mar is minic a bhíonn siad éagsúil ó bhardas amháin go bardas eile.*** |

**Cúis**

Ní mór cuspóir EPBD a ailíniú leis an aeráidneodracht faoi 2050.

**Leasú 41**

Airteagal 6.1

| Téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| Na na leibhéil is fearr costais maidir le híoscheanglais feidhmíochta fuinnimh a ríomh Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 29 a bhaineann le creat modheolaíochta comparáideach chun na leibhéil is fearr costais maidir le híoscheanglais feidhmíochta fuinnimh d'fhoirgnimh agus do chodanna d'fhoirgnimh a ríomh. Faoin 30 Meitheamh 2026, ***déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an gcreat comparáideach modheolaíochta*** chun na leibhéil is fearr costais maidir le híoscheanglais feidhmíochta fuinnimh a ríomh i bhfoirgnimh atá ann cheana a bhfuil athchóiriú mór á dhéanamh orthu agus le haghaidh codanna aonair d'fhoirgnimh. […] | Na na leibhéil is fearr costais maidir le híoscheanglais feidhmíochta fuinnimh a ríomh Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 29 a bhaineann le creat modheolaíochta comparáideach chun na leibhéil is fearr costais maidir le híoscheanglais feidhmíochta fuinnimh d'fhoirgnimh agus do chodanna d'fhoirgnimh a ríomh. Faoin 30 Meitheamh 2026, ***cuirfidh an Coimisiún modheolaíocht chun íoschaighdeán feidhmíochta fuinnimh a ríomh in ionad an chreata modheolaíochta chomparáidigh*** chun na leibhéil is fearr costais maidir le híoscheanglais feidhmíochta fuinnimh a ríomh i bhfoirgnimh atá ann cheana a bhfuil athchóiriú mór á dhéanamh orthu agus le haghaidh codanna aonair d'fhoirgnimh ***d'fhonn foirgnimh atá saor nó nach mór saor ó astaíochtaí a bhaint amach*** […] |

**Cúis**

Is uirlis thábhachtach í an mhodheolaíocht is fearr ó thaobh costais de chun measúnú a dhéanamh ar a bhfuil ar siúl ag na Ballstáit.

**Leasú 42**

Airteagal 7

| Téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| 1. Áiritheoidh na Ballstáit gur foirgnimh astaíochtaí nialasacha iad foirgnimh nua ó na dátaí seo a leanas amach, i gcomhréir le hIarscríbhinn III: | 1. Áiritheoidh na Ballstáit ***i gcomhar leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha*** gur foirgnimh astaíochtaí nialasacha iad foirgnimh nua ó na dátaí seo a leanas amach, i gcomhréir le hIarscríbhinn III: |
| (a) amhail ón 1 Eanáir 2027, foirgnimh nua atá áitithe nó faoi úinéireacht na n-údarás poiblí; agus | (a) amhail ón 1 Eanáir 2027, foirgnimh nua atá áitithe nó faoi úinéireacht na n-údarás poiblí; agus |
| (b) amhail ón 1 Eanáir 2030, gach foirgneamh nua; | (b) amhail ón 1 Eanáir 2030, gach foirgneamh nua; |
| | ***(c) amhail ón 1 Eanáir 2030, i gcás foirgnimh atá ann cheana nuair a úsáidtear maoiniú ón Aontas chun athchóiriú a dhéanamh orthu.*** |
| Go dtí go gcuirfear na ceanglais faoin gcéad fhomhír i bhfeidhm, déanfaidh na Ballstáit a áirithiú go bhfuil gach foirgneamh nua nach mór neodrach ó thaobh an fhuinnimh de ar a laghad agus go gcomhlíonann siad na híoscheanglais feidhmíochta fuinnimh a leagtar síos i gcomhréir le hAirteagal 5. | Go dtí go gcuirfear na ceanglais faoin gcéad fhomhír i bhfeidhm, déanfaidh na Ballstáit a áirithiú go bhfuil gach foirgneamh nua nach mór neodrach ó thaobh an fhuinnimh de ar a laghad agus go gcomhlíonann siad na híoscheanglais feidhmíochta fuinnimh a leagtar síos i gcomhréir le hAirteagal 5. |
| 2. Áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar an Acmhainneacht Téite Domhanda (GWP) saolré a ríomh i gcomhréir le hIarscríbhinn III agus a nochtadh trí teastas feidhmíochta fuinnimh an fhoirgnimh: | 2. Áiritheoidh na Ballstáit ***i gcomhar leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha*** go ndéanfar an Acmhainneacht Téite Domhanda (GWP) saolré a ríomh i gcomhréir le hIarscríbhinn III agus a nochtadh trí teastas feidhmíochta fuinnimh an fhoirgnimh: |
| (a) amhail ón 1 Eanáir 2027, i gcás gach foirgnimh nua a bhfuil achar urláir úsáideach is mó ná 2 000 méadar cearnach acu; agus | (a) amhail ón 1 Eanáir 2027, i gcás gach foirgnimh nua a bhfuil achar urláir úsáideach is mó ná 2 000 méadar cearnach acu; agus |
| (b) amhail ón 1 Eanáir 2030, do gach foirgneamh nua; | (b) amhail ón 1 Eanáir 2030, i gcás gach foirgnimh nua. |

| Téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| 3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 29 chun an Treoir seo a fhorlíonadh chun Iarscríbhinn III a oiriúnú don dul chun cinn agus don nuálaíocht teicneolaíoch, chun ***uastairseacha feidhmíochta fuinnimh oiriúnaithe a leagan síos in Iarscríbhinn III maidir le foirgnimh athchóirithe agus chun na huastairseacha feidhmíochta fuinnimh a oiriúnú*** d'fhoirgnimh astaíochtaí nialasacha. | 3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 29 chun an Treoir seo a fhorlíonadh chun Iarscríbhinn III a oiriúnú don dul chun cinn agus don nuálaíocht teicneolaíoch, chun ***caighdeáin tógála astaíochtaí nialasacha agus beagnach nialasach a leagan síos do na Ballstáit agus chun ceanglais a fhorbairt maidir le foinsí fuinnimh ísealcharbóin agus inathnuaite agus maidir le hAcmhainneacht Téite Domhanda saolré*** d'fhoirgnimh astaíochtaí nialasacha. |
| 4. ***Tabharfaidh*** na Ballstáit aghaidh, maidir le foirgnimh nua, ar na saincheisteanna maidir le dálaí sláintiúla aeráide laistigh, oiriúnú don athrú aeráide, sábháilteacht ó dhóiteán, rioscaí a bhaineann le dianghníomhaíocht sheismeach agus inrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas. Díreoidh na Ballstáit freisin ar aistrithe carbóin a bhaineann le stóráil carbóin i bhfoirgnimh nó ar fhoirgnimh. | 4. ***I gcomhar leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, tabharfaidh*** na Ballstáit aghaidh, maidir le foirgnimh nua, ar na saincheisteanna maidir le dálaí sláintiúla aeráide laistigh, oiriúnú don athrú aeráide, sábháilteacht ó dhóiteán, rioscaí a bhaineann le dianghníomhaíocht sheismeach agus inrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas. Díreoidh na Ballstáit freisin ar aistrithe carbóin a bhaineann le stóráil carbóin i bhfoirgnimh nó ar fhoirgnimh.<br><br>***Airteagal 7a***<br><br>***Bauhaus Eorpach Nua***<br><br>***1. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcomhar leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, go bhfaighidh forbróirí na dtionscadal athchóirithe foirgneamh faisnéis faoi na cuspóirí agus na deiseanna rannpháirtíochta faoin tionscnamh Bauhaus Eorpach Nua, tráth a lorgófar comhairle, nuair a dhéanfar iarratas ar chistiú agus nuair a thabharfar ceadanna isteach.***<br><br>***2. Tabharfaidh na Ballstáit de chumhacht do na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha ionstraimí tacaíochta tiomnaithe a fhorbairt le haghaidh foirgneamh tagartha i gcomhréir le hIarscríbhinn VII a ghabhann leis an Treoir seo, ar ionstraimí iad a bheidh saibhir ó thaobh an chultúir de, agus a bheidh inbhuanaithe agus cuimsitheach i gcomhréir le Bauhaus Eorpach Nua. D'fhéadfadh scéimeanna airgeadais le haghaidh athchóirithe a bheith cuimsithe sna hionstraimí ina léirítear an chaoi ar féidir foirgnimh aonair nó comharsanachtaí iomlána a chlaochlú ina bhfoirgnimh agus ina gceantair atá saor ó astaíochtaí ar bhealach inacmhainne, inbhuanaithe agus cuimsitheach ó thaobh na sochaí de, agus san am céanna an leas is fearr is féidir a bhaint as tairbhí níos leithne, i gcur chuige rannpháirteach ón mbun aníos.***<br><br>***3. Cuirfidh na Ballstáit beartais náisiúnta thionsclaíocha i bhfeidhm chun codanna d'fhoirgnimh réamhdhéanta atá inoiriúnaithe go háitiúil a tháirgeadh ar mhórscála le haghaidh athchóiriú foirgneamh a sholáthraíonn feidhmeanna difriúla, lena n-áirítear aeistéitic, giniúint fuinnimh le haghaidh inslithe, agus bonneagair ghlasa, agus a chuireann bithéagsúlacht, bainistiú uisce, inrochtaineacht agus soghluaisteacht chun cinn.*** |

**Cúis**

Ní mór cuspóir EPBD a ailíniú leis an aeráidneodracht faoi 2050.

**Leasú 43**

Airteagal 8

| Téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| Foirgnimh atá ann cheana | Foirgnimh atá ann cheana |
| 1. Déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú, an uair a dhéantar athchóiriú mór ar fhoirgnimh, go ndéanfar feidhmíocht fuinnimh an fhoirgnimh, nó na páirte athchóirithe de, a nuashonrú chun ***na híoscheanglais feidhmíochta fuinnimh a shocraítear*** i gcomhréir le hAirteagal 5 a mhéid atá sé sin indéanta go teicniúil, go feidhmiúil agus go heacnamaíoch.<br>Cuirfear na ceanglais sin i bhfeidhm ar an bhfoirgneamh athchóirithe nó ar an aonad foirgnimh ina iomláine. Sa bhreis air sin nó mar mhalairt air sin, féadfar ceanglais a chur i bhfeidhm maidir leis na codanna d'fhoirgnimh athchóirithe. | 1. Déanfaidh na Ballstáit***, i gcomhar leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha,*** na bearta is gá chun a áirithiú, an uair a dhéantar athchóiriú mór ar fhoirgnimh, go ndéanfar feidhmíocht fuinnimh an fhoirgnimh, nó na páirte athchóirithe de, a nuashonrú chun ***na caighdeáin astaíochtaí nialasacha a leagtar síos*** i gcomhréir le hAirteagal 5 a mhéid atá sé sin indéanta go teicniúil, go feidhmiúil agus go heacnamaíoch. Cuirfear na ceanglais sin i bhfeidhm maidir leis an bhfoirgneamh arna athchóiriú nó maidir leis an aonad foirgnimh ina iomláine. Sa bhreis air sin nó mar mhalairt air sin, féadfar ceanglais a chur i bhfeidhm maidir leis na codanna d'fhoirgnimh athchóirithe ***nó maidir le ceantair agus comharsanachtaí comhtháite***. |
| 2. Ina theannta sin, i gcás ina ndéanfar cuid d'fhoirgnimh ar cuid d'imchlúdach foirgnimh é agus a mbeidh tionchar mór aige ar fheidhmíocht fuinnimh an imchlúdaigh foirgnimh, i gcás ina ndéanfar sin a iarfheistiú nó a ionadú, déanfaidh na Ballstáit na bearta is gá chun a áirithiú go gcomhlíonfar na híoscheanglais feidhmíochta fuinnimh ***a mhéid atá sé sin indéanta go teicniúil, go feidhmiúil agus go heacnamaíoch***. | 2. Ina theannta sin, i gcás ina ndéanfar cuid d'fhoirgnimh ar cuid d'imchlúdach foirgnimh é agus a mbeidh tionchar mór aige ar fheidhmíocht fuinnimh an imchlúdaigh foirgnimh, i gcás ina ndéanfar sin a iarfheistiú nó a ionadú, déanfaidh na Ballstáit***, i gcomhar leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha,*** na bearta is gá chun a áirithiú go gcomhlíonfar na híoscheanglais feidhmíochta fuinnimh ***sa mhéid a rannchuidíonn sin le foirgnimh atá saor nó nach mór saor ó astaíochtaí a bhaint amach go teicniúil agus go feidhmiúil***. |
| 3. Maidir le foirgnimh a bhfuil athchóiriú mór á dhéanamh orthu, ***spreagfaidh*** na Ballstáit córais mhalartacha ardéifeachtúlachta, a mhéid is atá sé sin indéanta go teicniúil, go feidhmiúil agus go heacnamaíoch. ***Tabharfaidh*** na Ballstáit aghaidh***, maidir le foirgnimh a bhfuil athchóiriú mór á dhéanamh orthu,*** ar na saincheisteanna maidir le dálaí sláintiúla ***aeráide*** laistigh, ***oiriúnú don athrú aeráide***, ***sábháilteacht ó dhóiteán***, rioscaí a bhaineann le dianghníomhaíocht sheismeach, substaintí guaiseacha lena n-áirítear aispeist a bhaint, agus inrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas. | 3. Maidir le foirgnimh a bhfuil athchóiriú mór á dhéanamh orthu, ***áiritheoidh*** na Ballstáit***, i gcomhar leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, go spreagfar*** córais mhalartacha ardéifeachtúlachta ***a úsáid***, a mhéid is atá sé sin indéanta go teicniúil, go feidhmiúil agus go heacnamaíoch ***agus úsáid acmhainní atá inrochtana go háitiúil a chur chun cinn***. ***I gcás athchóirithe móra foirgneamh, áiritheoidh*** na Ballstáit ***go dtabharfar*** aghaidh ar na saincheisteanna maidir le dálaí sláintiúla ***cáilíochta comhshaoil*** laistigh, ***maidir le hardchumas an t-athrú aeráide a mhaolú agus oiriúnú dó trí bhonneagair ghlasa, aistrithe carbóin agus stóráil carbóin i measc nithe eile***, ***caighdeán sábháilteachta dóiteáin a chomhlíonadh***, rioscaí a bhaineann le dianghníomhaíocht sheismeach ***a mhaolú***, substaintí guaiseacha lena n-áirítear aispeist a bhaint, agus inrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas ***a fheabhsú, agus leithdháileadh iomchuí beart dreasachta fioscaí agus ionstraimí cistiúcháin tiomnaithe á n-áirithiú san am céanna***. |

**Cúis**

Ní mór cuspóir EPBD a ailíniú leis an aeráidneodracht faoi 2050.

**Leasú 44**

Airteagal 9

| Téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| **Íoschaighdeáin feidhmíochta fuinnimh** | **Íoschaighdeáin feidhmíochta fuinnimh** |
| 1. Áiritheoidh na Ballstáit na nithe seo a leanas: | 1. Áiritheoidh na Ballstáit**, i gcomhar leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha,** na nithe seo a leanas: |
| (a) go mbainfidh foirgnimh agus aonaid foirgnimh atá faoi úinéireacht comhlachtaí poiblí amach, ar a dhéanaí | (a) go mbainfidh foirgnimh agus aonaid foirgnimh atá faoi úinéireacht comhlachtaí poiblí amach, ar a dhéanaí |
| (i) tar éis an 1 Eanáir 2027, ar a laghad aicme feidhmíochta fuinnimh F; agus | (i) tar éis an 1 Eanáir 2027, ar a laghad aicme feidhmíochta fuinnimh F; |
| ***(ii) tar éis an 1 Eanáir 2030, ar a laghad aicme feidhmíochta fuinnimh E;*** | |
| (b) go mbainfidh foirgnimh neamhchónaithe agus aonaid foirgnimh amach, seachas iad siúd atá faoi úinéireacht comhlachtaí poiblí, ar a dhéanaí | (b) go mbainfidh foirgnimh neamhchónaithe agus aonaid foirgnimh amach, seachas iad siúd atá faoi úinéireacht comhlachtaí poiblí, ar a dhéanaí |
| (i) tar éis an 1 Eanáir 2027, ar a laghad aicme feidhmíochta fuinnimh F; agus | (i) tar éis an 1 Eanáir 2027, ar a laghad aicme feidhmíochta fuinnimh F; |
| ***(ii) tar éis an 1 Eanáir 2030, ar a laghad aicme feidhmíochta fuinnimh E;*** | |
| (c) go mbainfidh foirgnimh chónaithe agus aonaid foirgnimh amach, ar a dhéanaí | (c) go mbainfidh foirgnimh chónaithe agus aonaid foirgnimh amach, ar a dhéanaí |
| (i) tar éis an 1 Eanáir 2030, ar a laghad aicme feidhmíochta fuinnimh F; ***agus*** | (i) tar éis an 1 Eanáir 2030, ar a laghad aicme feidhmíochta fuinnimh F; |
| ***(ii) tar éis an 1 Eanáir 2033, ar a laghad aicme feidhmíochta fuinnimh E;*** | |
| | ***Féadfaidh na Ballstáit a cheangal go gcuirfear síneadh leis an spriocdháta a leagtar síos sa mhír seo, má tá údar cuí leis agus má iarrtar sin ar an gCoimisiún Eorpach agus i gcomhréir leis an bplean náisiúnta athchóirithe foirgneamh dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointe (a), maidir le codanna sonracha dá stoc foirgneamh.*** |

| Téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| Ina dtreochlár dá dtagraítear in Airteagal 3(1)(b), bunóidh na Ballstáit ***amlínte sonracha do na foirgnimh dá dtagraítear sa mhír seo chun aicmí feidhmíochta fuinnimh níos airde a bhaint amach faoin mbliain 2040 agus faoin mbliain 2050, i gcomhréir leis an mbealach chun an stoc náisiúnta foirgneamh a chlaochlú ina fhoirgnimh astaíochtaí nialasacha.*** | Ina dtreochlár dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointe (b), bunóidh na Ballstáit ***plean sonrach chun gach foirgneamh a athchóiriú chun caighdeán astaíochtaí nialasacha nó nach mór nialasach a bhaint amach agus chun a áirithiú go ndéanfar an stoc foirgneamh ina iomláine a dhícharbónú faoi 2050.***<br><br>***Féadfaidh na Ballstáit cur chuige ceantair nó comharsanachta atá comhtháite go háitiúil a chur i bhfeidhm freisin, lena n-áiritheofar go gcomhlíonfaidh gach foirgneamh ar an meán na caighdeáin astaíochtaí nialasacha. Maidir le foirgnimh a bhfuil fiúntas stairiúil ag baint leo, cinnfidh an Ballstát an dáta bunaithe ar mheasúnuithe teicniúla agus indéantachta. Ba cheart a n-astaíochtaí a chúiteamh trí fhoirgnimh atá dearfach ó thaobh na haeráide de a chur chun cinn agus trí tháirgeadh fuinnimh in-athnuaite arna sholáthar ag an eangach a mhéadú.*** |
| ***2. I dteannta na n-íoschaighdeán feidhmíochta fuinnimh arna mbunú de bhun mhír 1, féadfaidh gach Ballstát íoschaighdeáin feidhmíochta fuinnimh a bhunú chun athchóiriú a dhéanamh ar na foirgnimh eile go léir atá ann cheana.***<br><br>***I gcás ina mbunófar iad, déanfar na híoschaighdeáin feidhmíochta fuinnimh a dhearadh i bhfianaise an treochláir náisiúnta agus spriocanna 2030, 2040 agus 2050 atá i bplean athchóirithe foirgneamh an Bhallstáit agus d'fhonn an stoc foirgnimh náisiúnta a athrú ina fhoirgnimh astaíochtaí nialasacha faoin mbliain 2050.*** | ***2.*** I gcomhréir le hAirteagal 15, tacóidh na Ballstáit ***agus na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha*** le comhlíonadh na ***gcaighdeán astaíochtaí nialasacha*** trí gach ceann de na bearta seo a leanas: |
| | (a) bearta airgeadais iomchuí a chur ar fáil, go háirithe iad siúd atá dírithe ar theaghlaigh leochaileacha ***ísealioncaim nó meánioncaim***, ar dhaoine a bhfuil tionchar ag bochtaineacht fuinnimh orthu nó atá ag maireachtáil i dtithíocht shóisialta, i gcomhréir le hAirteagal 22 de Threoir (AE) …/… [athmhúnlú EED] ***agus chun aghaidh a thabhairt ar bhacainní margaidh***; |
| | (b) cúnamh teicniúil a chur ar fáil, lena n-áirítear trí ionaid ilfhreastail; |
| | (c) scéimeanna maoiniúcháin comhtháite a cheapadh; |
| | (d) bacainní neamheacnamaíocha a bhaint, lena n-áirítear dreasachtaí deighilte; agus |
| | (e) faireachán a dhéanamh ar na tionchair shóisialta, go háirithe ar na cinn is leochailí; |
| | ***(f) athrú cuspóra a dhéanamh ar fhoirgnimh nach n-úsáidtear agus iad a chur in oiriúint do riachtanais an lae inniu;*** |

| Téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| | ***(g) an creat a leagan síos lena n-áiritheofar go mbeidh lucht saothair leordhóthanach ann leis an leibhéal cuí scileanna chun gur féidir na riachtanais a chur chun feidhme go tráthúil.*** |
| ***3.*** I gcomhréir le hAirteagal 15, tacóidh na Ballstáit le comhlíonadh na ***n-íoschaighdeán feidhmíochta fuinnimh*** trí gach ceann de na bearta seo a leanas: | ***3.*** I gcás ina ndéantar athchóiriú ar fhoirgneamh chun ***caighdeán astaíochtaí nialasacha*** a chomhlíonadh, áiritheoidh na Ballstáit go gcomhlíonfar na híoscheanglais feidhmíochta fuinnimh le haghaidh codanna d'fhoirgnimh de bhun Airteagal 5 agus, i gcás mór-athchóirithe, ***na ceanglais astaíochtaí nialasacha*** d'fhoirgnimh atá ann cheana de bhun Airteagal 8. |
| (a) bearta airgeadais iomchuí a chur ar fáil, go háirithe iad siúd atá dírithe ar theaghlaigh leochaileacha, ar dhaoine a bhfuil tionchar ag bochtaineacht fuinnimh orthu nó atá ag maireachtáil i dtithíocht shóisialta, i gcomhréir le hAirteagal 22 de Threoir (AE) …/… [athmhúnlú EED]; | |
| (b) cúnamh teicniúil a chur ar fáil, lena n-áirítear trí ionaid ilfhreastail; | |
| (c) scéimeanna maoiniúcháin comhtháite a cheapadh; | |
| (d) bacainní neamheacnamaíocha a bhaint, lena n-áirítear dreasachtaí deighilte; agus | |
| (e) faireachán a dhéanamh ar na tionchair shóisialta, go háirithe ar na cinn is leochailí. | |
| ***4.*** I gcás ina ndéantar athchóiriú ar fhoirgneamh chun ***íoschaighdeán feidhmíochta fuinnimh*** a chomhlíonadh, áiritheoidh na Ballstáit go gcomhlíonfar na híoscheanglais feidhmíochta fuinnimh le haghaidh codanna d'fhoirgnimh de bhun Airteagal 5 agus, i gcás mór-athchóirithe, ***na híoscheanglais feidhmíochta fuinnimh*** d'fhoirgnimh atá ann cheana de bhun Airteagal 8. | ***4.*** Féadfaidh na Ballstáit***, i gcomhar leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha,*** cinneadh a dhéanamh gan na ***caighdeáin astaíochtaí nialasacha*** dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 a chur i bhfeidhm maidir leis na catagóirí foirgneamh seo a leanas: |
| | (a) foirgnimh atá cosanta go hoifigiúil mar chuid de chomhshaol ainmnithe nó toisc go bhfuil fiúntas speisialta ailtireachta nó stairiúil ag baint leo, sa mhéid go dtiocfadh athrú nach bhféadfaí glacadh leis ar charachtar nó cuma na bhfoirgneamh dá gcloífí leis na caighdeáin feidhmíochta fuinnimh; |
| | (b) foirgnimh a úsáidtear mar ionaid adhartha agus le haghaidh gníomhaíochtaí reiligiúnacha. |
| | (c) foirgnimh shealadacha a bhfuil am úsáide 2 bhliain nó níos lú, suíomhanna tionsclaíochta, ceardlanna agus foirgnimh talmhaíochta neamhchónaithe ísealéilimh fuinnimh agus foirgnimh talmhaíochta neamhchónaithe atá in úsáid ag earnáil atá cumhdaithe faoi chomhaontas earnála náisiúnta maidir le feidhmíocht fuinnimh; |

| Téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| | (d) foirgnimh chónaithe a úsáidtear nó a bhfuil sé i gceist iad a úsáid ar feadh tréimhse níos lú ná 4 mhí in aghaidh na bliana nó, de rogha air sin, ar feadh am úsáide na bliana atá teoranta agus le hídiú fuinnimh réamh-mheasta atá níos lú ná 25 % den mhéid a bheadh mar thoradh ar a úsáid don bhliain ar fad; |
| | (e) foirgnimh leithleacha a bhfuil achar urláir úsáideach iomlán níos lú ná 50 m2 iontu. |
| | ***Caithfear na foirgnimh thuasluaite a athchóiriú fós d'fhonn a lorg carbóin a laghdú a mhéid is féidir agus chun nach gcuirfear isteach ar bhaint amach chuspóir foriomlán na haeráidneodrachta.*** |
| ***5.*** Féadfaidh na Ballstáit cinneadh a dhéanamh gan ***na híoschaighdeáin feidhmíochta fuinnimh*** dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 a chur i bhfeidhm maidir leis na catagóirí foirgneamh seo a leanas: | ***5. I gcomhar leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, déanfaidh*** na Ballstáit na bearta is gá chun cur chun feidhme na n-íoschaighdeán feidhmíochta fuinnimh dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 a áirithiú, lena n-áirítear sásraí faireacháin iomchuí agus pionóis i gcomhréir le hAirteagal 31. |
| (a) foirgnimh atá cosanta go hoifigiúil mar chuid de chomhshaol ainmnithe nó toisc go bhfuil fiúntas speisialta ailtireachta nó stairiúil ag baint leo, sa mhéid go dtiocfadh athrú nach bhféadfaí glacadh leis ar charachtar nó cuma na bhfoirgneamh dá gcloífí leis na caighdeáin feidhmíochta fuinnimh; | |
| (b) foirgnimh a úsáidtear mar ionaid adhartha agus le haghaidh gníomhaíochtaí reiligiúnacha. | |
| (c) foirgnimh shealadacha a bhfuil am úsáide dhá bhliain nó níos lú, suíomhanna tionsclaíochta, ceardlanna agus foirgnimh talmhaíochta neamhchónaithe ísealéilimh fuinnimh agus foirgnimh talmhaíochta neamhchónaithe atá in úsáid ag earnáil atá cumhdaithe faoi chomhaontas earnála náisiúnta maidir le feidhmíocht fuinnimh; | |
| (d) foirgnimh chónaithe a úsáidtear nó a bhfuil sé i gceist iad a úsáid ar feadh tréimhse níos lú ná ceithre mhí in aghaidh na bliana nó, de rogha air sin, ar feadh am úsáide na bliana atá teoranta agus le hídiú fuinnimh réamh-mheasta atá níos lú ná 25 % den mhéid a bheadh mar thoradh ar a úsáid don bhliain ar fad; | |
| (e) foirgnimh leithleacha a bhfuil achar urláir úsáideach iomlán níos lú ná 50 m2 iontu. | |
| ***6. Déanfaidh*** na Ballstáit na bearta is gá chun cur chun feidhme na n-íoschaighdeán feidhmíochta fuinnimh dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 a áirithiú, lena n-áirítear sásraí faireacháin iomchuí agus pionóis i gcomhréir le hAirteagal 31. | |

**Cúis**

Ní mór an t-íoscheanglas a bheith ar aon dul leis an aeráidneodracht chun gaibhniú carbóin a sheachaint.

**Leasú 45**

Airteagal 10

| Téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| **Pas athchóirithe** | **Pas athchóirithe** |
| 1. Faoin 31 Nollaig 2023, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 29 lena bhforlíontar an Treoir seo trí chomhchreat Eorpach le haghaidh pasanna athchóirithe a bhunú, bunaithe ar na critéir a leagtar amach i mír 2. | 1. Faoin 31 Nollaig 2023, glacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 29 lena bhforlíontar an Treoir seo trí chomhchreat Eorpach le haghaidh pasanna athchóirithe a bhunú, bunaithe ar na critéir a leagtar amach i mír 2. |
| 2. Faoin 31 Nollaig 2024, tabharfaidh Ballstáit scéim de phasanna athchóirithe isteach bunaithe ar an gcreat comhchoiteann arna bhunú i gcomhréir le mír 1. | 2. Faoin 31 Nollaig 2024, tabharfaidh Ballstáit scéim de phasanna athchóirithe isteach bunaithe ar an gcreat comhchoiteann arna bhunú i gcomhréir le mír 1. |
| 3. Comhlíonfaidh an pas athchóirithe na ceanglais seo a leanas: | 3. Comhlíonfaidh an pas athchóirithe na ceanglais seo a leanas: |
| (a) déanfaidh saineolaí cáilithe deimhnithe é a eisiúint, tar éis cuairt a thabhairt ar an láthair; | (a) déanfaidh saineolaí cáilithe deimhnithe é a eisiúint, tar éis cuairt a thabhairt ar an láthair; |
| (b) is éard a bheidh ann treochlár athchóirithe ***lena léireofar sraith céimeanna athchóirithe a bheidh ag tógáil ar a chéile, agus a mbeidh sé de chuspóir leis an foirgneamh a chlaochlú ina fhoirgneamh astaíochtaí nialasacha faoin mbliain 2050 ar a dhéanaí***; | (b) is éard a bheidh ann treochlár ***soiléir*** athchóirithe ***le haghaidh tionscadail athchóirithe aonuaire lena gceanglaítear roinnt foirgneamh ar leibhéal na comharsanachta nó ar leibhéal na cathrach chun cabhrú leis na húdaráis áitiúla an t-am is fearr a shainaithint chun gach comharsanacht a athchóiriú agus chun tús áite a thabhairt do chomharsanachtaí áirithe chun athchóiriú a dhéanamh orthu ar dtús***; |
| (c) cuirfear in iúl ann na tairbhí a bhfuiltear ag súil leo i dtéarmaí coigiltis fuinnimh, coigiltis ar bhillí fuinnimh agus laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa oibríochtúla chomh maith le sochair níos leithne a bhaineann le sláinte agus compord agus acmhainn oiriúnaitheach fheabhsaithe an fhoirgnimh i leith an athraithe aeráide; agus | (c) cuirfear in iúl ann na tairbhí a bhfuiltear ag súil leo i dtéarmaí coigiltis fuinnimh, coigiltis ar bhillí fuinnimh agus laghduithe ar astaíochtaí gás ceaptha teasa oibríochtúla chomh maith le sochair níos leithne a bhaineann le sláinte agus compord agus acmhainn oiriúnaitheach fheabhsaithe an fhoirgnimh i leith an athraithe aeráide; agus |
| (d) beidh faisnéis ann faoi thacaíocht airgeadais agus theicniúil a d'fhéadfadh a bheith ann. | (d) beidh faisnéis ann faoi thacaíocht airgeadais agus theicniúil a d'fhéadfadh a bheith ann. |

**Cúis**

D'fhéadfadh straitéisí athchóirithe neamhéifeachtúla agus gaibhniú carbóin a bheith mar thoradh ar athchóiriú céimneach.

**Leasú 46**

Airteagal 12

| Téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| **Bonneagar le haghaidh soghluaisteacht inbhuanaithe** | **Bonneagar le haghaidh soghluaisteacht inbhuanaithe** |
| 1. Maidir le foirgnimh neamhchónaithe nua agus foirgnimh neamhchónaithe a bhfuil athchóirithe móra á ndéanamh ina leith, agus níos mó ná cúig spás páirceála iontu, áiritheoidh na Ballstáit: | 1. Maidir le foirgnimh ***chónaithe agus*** neamhchónaithe nua agus foirgnimh ***chónaithe agus*** neamhchónaithe a bhfuil athchóirithe móra á ndéanamh ina leith, agus níos mó ná cúig spás páirceála iontu, áiritheoidh na Ballstáit: |
| (a) go ndéanfar pointe athluchtaithe amháin ar a laghad a shuiteáil | (a) go ndéanfar pointe athluchtaithe amháin ar a laghad a shuiteáil; |

| Téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| (b) go ndéanfar réamhcháblú a shuiteáil le haghaidh gach spáis páirceála chun gur féidir pointí athluchtaithe d'fheithiclí leictreacha a shuiteáil ag céim níos déanaí; agus | (b) go ndéanfar réamhcháblú a shuiteáil le haghaidh gach spáis páirceála chun gur féidir pointí athluchtaithe d'fheithiclí ***agus do rothair*** leictreacha a shuiteáil ag céim níos déanaí; agus |
| (c) spás páirceála rothar ***amháin*** ar a laghad le haghaidh gach spáis páirceála cairr; i gcás ina bhfuil an carrchlós taobh leis an bhfoirgneamh agus, | (c) ***dhá*** spás páirceála rothar ar a laghad le haghaidh gach spáis páirceála cairr ***(agus an toimhde ann go bhfuil gach carr in úsáid ag beirt ar a laghad)***; |
| i gcás athchóirithe móra, áirítear ar na bearta athchóirithe an carrchlós nó bonneagar leictreach an charrchlóis. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an réamhcháblú toise sa chaoi go mbeifear in ann líon na bpointí athluchtaithe a bhfuiltear ag súil leo a úsáid san am céanna. De mhaolú ar an gcéad fhomhír, pointe (a), maidir le foirgnimh oifige nua agus foirgnimh oifige nua a bhfuil athchóiriú mór á dhéanamh orthu, a bhfuil níos mó ná cúig spás páirceála iontu, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar pointe athluchtaithe amháin ar a laghad a shuiteáil i ngach dhá spás páirceála. | i gcás ina bhfuil an carrchlós ***agus an tsaoráid páirceála rothar*** taobh leis an bhfoirgneamh agus, i gcás athchóirithe móra, áirítear ar na bearta athchóirithe an carrchlós ***agus an tsaoráid páirceála rothar*** nó bonneagar leictreach an charrchlóis ***agus na saoráide páirceála rothar***. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an réamhcháblú toise sa chaoi go mbeifear in ann líon na bpointí athluchtaithe a bhfuiltear ag súil leo a úsáid san am céanna. De mhaolú ar an gcéad fhomhír, pointe (a), maidir le foirgnimh oifige nua agus foirgnimh oifige nua a bhfuil athchóiriú mór á dhéanamh orthu, a bhfuil níos mó ná cúig spás páirceála iontu, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar pointe athluchtaithe amháin ar a laghad a shuiteáil i ngach dhá spás páirceála. |
| 2. Maidir le gach foirgneamh neamh-chónaithe a bhfuil níos mó ná fiche spás páirceála aige, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar pointe athluchtaithe amháin ar a laghad a shuiteáil i ngach deich spás páirceála, agus ar a laghad spás páirceála rothair amháin do gach spás páirceála gluaisteáin, faoin 1 Eanáir 2027. I gcás foirgnimh atá faoi úinéireacht nó áitithe ag údaráis phoiblí, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh réamhcháblú ann le haghaidh gach dara spás páirceála ar a laghad faoin 1 Eanáir 2033. | 2. Maidir le gach foirgneamh neamh-chónaithe a bhfuil níos mó ná 20 spás páirceála aige, áiritheoidh na Ballstáit go ndéanfar pointe athluchtaithe amháin ar a laghad a shuiteáil i ngach 10 spás páirceála, agus ar a laghad spás páirceála rothair amháinn do gach spás páirceála gluaisteáin, faoin 1 Eanáir 2027. I gcás foirgnimh atá faoi úinéireacht nó áitithe ag údaráis phoiblí, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh réamhcháblú ann le haghaidh gach dara spás páirceála ar a laghad faoin 1 Eanáir 2033. |
| 3. Féadfaidh na Ballstáit na ceanglais maidir le líon na spásanna páirceála rothair a choigeartú i gcomhréir le míreanna 1 agus 2 do chatagóirí sonracha foirgneamh neamhchónaithe i gcás ina mbíonn níos lú rothar á n-úsáid mar mhodh iompair de ghnáth. | 3. Féadfaidh na Ballstáit na ceanglais maidir le líon na spásanna páirceála rothair a choigeartú i gcomhréir le míreanna 1 agus 2 do chatagóirí sonracha foirgneamh neamhchónaithe i gcás ina mbíonn níos lú rothar á n-úsáid mar mhodh iompair de ghnáth. |
| 4. Maidir le foirgnimh chónaithe nua agus foirgnimh chónaithe a bhfuil athchóiriú mór á dhéanamh ina leith, agus níos mó ná trí spás páirceála iontu, áiritheoidh na Ballstáit: | 4. Maidir le foirgnimh chónaithe nua agus foirgnimh chónaithe a bhfuil athchóiriú mór á dhéanamh ina leith, agus níos mó ná trí spás páirceála iontu, áiritheoidh na Ballstáit: |
| (a) réamhcháblú a shuiteáil i ngach spás páirceála ionas gur féidir, ag céim níos déanaí, pointí athluchtaithe d'fheithiclí leictreacha a shuiteáil;, agus | (a) réamhcháblú a shuiteáil i ngach spás páirceála ionas gur féidir, ag céim níos déanaí, pointí athluchtaithe d'fheithiclí ***agus do rothair*** leictreacha a shuiteáil; agus |

| Téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| (b) dhá spás páirceála rothar ar a laghad do gach teach. | (b) dhá spás páirceála rothar ar a laghad do gach teach. |
| I gcás ina bhfuil an carrchlós taobh leis an bhfoirgneamh agus, i gcás athchóirithe móra, áirítear ar na bearta athchóirithe an carrchlós nó bonneagar leictreach an charrchlóis. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an réamhchláblú toise sa chaoi go mbeifear in ann na pointí athluchtaithe ar gach aon spás páirceála a úsáid san am céanna. Más rud é, i gcás athchóirithe móra, nach bhfuil sé indéanta dhá spás páirceála rothar a áirithiú le haghaidh gach teaghaise, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an oiread spásanna páirceála rothar is féidir ann de réir mar is iomchuí. | I gcás ina bhfuil an carrchlós taobh leis an bhfoirgneamh agus, i gcás athchóirithe móra, áirítear ar na bearta athchóirithe an carrchlós nó bonneagar leictreach an charrchlóis. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an réamhchláblú toise sa chaoi go mbeifear in ann na pointí athluchtaithe ar gach aon spás páirceála a úsáid san am céanna. Más rud é, i gcás athchóirithe móra, nach bhfuil sé indéanta dhá spás páirceála rothar a áirithiú le haghaidh gach teaghaise, áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh an oiread spásanna páirceála rothar is féidir ann de réir mar is iomchuí. |
| 5. Féadfaidh Ballstáit cinneadh a dhéanamh gan míreanna 1, 2 agus 4 a chur i bhfeidhm ar chatagóirí sonracha foirgnimh i gcás ina mbeadh bheadh an réamhchláblú ag brath ar chórais leithlisithe bheaga nó sna réigiúin is forimeallaí laistigh de bhrí Airteagal 349 CFAE, dá mbeadh fadhbanna nach beag ann i dtaobh oibriú an chórais áitiúil fuinnimh agus go mbeadh baol ann do chobhsaíocht san eangach áitiúil an mar thoradh air sin; | 5. Féadfaidh Ballstáit cinneadh a dhéanamh gan míreanna 1, 2 agus 4 a chur i bhfeidhm ar chatagóirí sonracha foirgnimh i gcás ina mbeadh bheadh an réamhchláblú ag brath ar chórais leithlisithe bheaga nó sna réigiúin is forimeallaí laistigh de bhrí Airteagal 349 CFAE, dá mbeadh fadhbanna nach beag ann i dtaobh oibriú an chórais áitiúil fuinnimh agus go mbeadh baol ann do chobhsaíocht san eangach áitiúil an mar thoradh air sin. |
| 6. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na pointí athluchtaithe dá dtagraítear i míreanna 1, 2 agus 4 in ann don luchtú cliste agus, i gcás inarb iomchuí, luchtú déthreoch, agus go n-oibrítear iad bunaithe ar phrótacail agus caighdeáin chumarsáide neamhdhílsithe agus neamh-idirdhealaitheacha, ar bhealach idir-inoibritheach, agus i gcomhréir le haon chaighdeán dlí agus prótacal sna gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun Airteagal 19(6) agus Airteagal 19(7) de Rialachán (AE) …/… [AFIR]. | 6. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh na pointí athluchtaithe dá dtagraítear i míreanna 1, 2 agus 4 in ann don luchtú cliste agus, i gcás inarb iomchuí, luchtú déthreoch, agus go n-oibrítear iad bunaithe ar phrótacail agus caighdeáin chumarsáide neamhdhílsithe agus neamh-idirdhealaitheacha, ar bhealach idir-inoibritheach, agus i gcomhréir le haon chaighdeán dlí agus prótacal sna gníomhartha tarmligthe arna nglacadh de bhun Airteagail 19(6) agus 19(7) de Rialachán (AE)…/… [AFIR]. |
| 7. Maidir le pointí athluchtaithe nach bhfuil inrochtana go poiblí, spreagfaidh na Ballstáit go ndéanfaidh oibreoirí na bpointí sin iad a oibriú i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán (AE)…/… [AFIR], i gcás inarb infheidhme. | 7. Maidir le pointí athluchtaithe nach bhfuil inrochtana go poiblí, spreagfaidh na Ballstáit go ndéanfaidh oibreoirí na bpointí sin iad a oibriú i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán (AE)…/… [AFIR], i gcás inarb infheidhme. |
| 8. ***Déanfaidh*** na Ballstáit ***foráil le haghaidh beart*** d'fhonn pointí athluchtaithe a chur ar fáil i bhfoirgnimh nua chónaithe agus neamh-chónaithe agus foirgnimh chónaithe agus neamh-chónaithe atá ann faoi láthair agus bacainní rialála a bhaint, lena n-áirítear i ndáil le nósanna imeachta ceada agus formheasa, gan dochar do dhlí na maoine agus dlí na tionóntachta sna Ballstáit. Bainfidh na Ballstáit bacainní ar shuiteáil pointí athluchtaithe i bhfoirgnimh chónaithe le spásanna páirceála, go háirithe an gá atá ann toiliú a fháil ón tiarna talún nó ó na comhúinéirí le haghaidh pointe athluchtaithe phríobháideach dá n-úsáid féin. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh cúnamh teicniúil ar fáil d'úinéirí foirgnimh agus do thionóntaí ar mian leo pointí athluchtaithe a shuiteáil. | 8. ***Ba cheart do*** na Ballstáit ***tacú leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha bearta a chur chun feidhme*** d'fhonn pointí athluchtaithe a chur ar fáil i bhfoirgnimh nua chónaithe agus neamh-chónaithe agus foirgnimh chónaithe agus neamh-chónaithe atá ann faoi láthair agus bacainní rialála a bhaint, lena n-áirítear i ndáil le nósanna imeachta ceada agus formheasa, gan dochar do dhlí na maoine agus dlí na tionóntachta sna Ballstáit. Bainfidh na Ballstáit bacainní ar shuiteáil pointí athluchtaithe i bhfoirgnimh chónaithe le spásanna páirceála, go háirithe an gá atá ann toiliú a fháil ón tiarna talún nó ó na comhúinéirí le haghaidh pointe athluchtaithe phríobháideach dá n-úsáid féin. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh cúnamh teicniúil ar fáil d'úinéirí foirgnimh agus do thionóntaí ar mian leo pointí athluchtaithe a shuiteáil. |

| Téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| 9. Áiritheoidh na Ballstáit comhleanúnachas beartas le haghaidh foirgneamh, soghluaisteacht bhog agus ghlas agus pleanáil uirbeach. | 9. Áiritheoidh na Ballstáit comhleanúnachas beartas le haghaidh foirgneamh, soghluaisteacht bhog agus ghlas ***agus pleanáil uirbeach.***<br>***10. Ba cheart do na Ballstáit tacaíocht a chur ar fáil do na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha chun beartais úsáide talún agus pleanála uirbí atá saor ó astaíochtaí a cheapadh.*** |

**Cúis**

Is léir an chúis atá leis seo.

**Leasú 47**

Airteagal 13.4

| Téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| Déanfaidh an Coimisiún, faoin 31 Nollaig 2025, agus tar éis dó dul i gcomhairle leis na geallsealbhóirí ábhartha, gníomh cur chun feidhme a ghlacadh ina mbeidh mionsonraí na módúlachtaí teicniúla chun cur i bhfeidhm éifeachtach na scéime dá dtagraítear i mír 2 a chur chun feidhme i gcás foirgneamh neamhchónaithe a bhfuil aschur rátaithe éifeachtach acu do chórais téimh nó córais téimh agus aerála chomhcheangailte os cionn 290 kW. | Déanfaidh an Coimisiún, faoin 31 Nollaig 2025, agus tar éis dó dul i gcomhairle leis na geallsealbhóirí ábhartha, gníomh cur chun feidhme a ghlacadh ina mbeidh mionsonraí na módúlachtaí teicniúla chun cur i bhfeidhm éifeachtach na scéime dá dtagraítear i mír 2 a chur chun feidhme i gcás foirgneamh neamhchónaithe a bhfuil aschur rátaithe éifeachtach acu do chórais téimh ***agus fuaraithe*** nó córais téimh agus aerála chomhcheangailte os cionn 290 kW. |

**Cúis**

Is léir an chúis atá leis seo.

**Leasú 48**

Airteagal 14.1

| Téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| 1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain dhíreach ag úinéirí foirgnimh, ag tionóntaí agus ag bainisteoirí ar shonraí ***a*** gcóras foirgnimh. Arna iarraidh sin ***dóibh***, cuirfear an rochtain nó na sonraí ar fáil do thríú páirtí. Éascóidh na Ballstáit idir-inoibritheacht iomlán seirbhísí agus malartú sonraí laistigh den Aontas i gcomhréir le mír 6. Chun críche na Treorach seo, áireofar i sonraí na gcóras foirgnimh ar a laghad na sonraí go léir a bhaineann le feidhmíocht fuinnimh codanna d'fhoirgnimh, feidhmíocht fuinnimh na seirbhísí tógála, uathoibriú agus córais rialaithe foirgnimh, méadair agus pointí luchtaithe le haghaidh r-shoghluaisteacht. | 1. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh rochtain dhíreach ag úinéirí foirgnimh, ag tionóntaí agus ag bainisteoirí ar shonraí ***na*** gcóras foirgnimh ***faoi seach***. Arna iarraidh sin, ***agus cúiseanna tugtha,*** cuirfear an rochtain nó na sonraí ar fáil do thríú páirtí ***faoi réir chomhaontú na n-úinéirí***. Éascóidh na Ballstáit idir-inoibritheacht iomlán seirbhísí agus malartú sonraí laistigh den Aontas i gcomhréir le mír 6. Chun críoch na Treorach seo, áireofar i sonraí na gcóras foirgnimh ar a laghad na sonraí go léir a bhaineann le feidhmíocht fuinnimh codanna d'fhoirgnimh, feidhmíocht fuinnimh na seirbhísí tógála, uathoibriú agus córais rialaithe foirgnimh, méadair agus pointí luchtaithe le haghaidh r-shoghluaisteacht. |

**Cúis**

Chun a áirithiú go mbeidh meas ar shonraí pearsanta agus chun go dtuigfear cén fáth ar gá do na tríú páirtithe rochtain a fháil ar shonraí chomh pearsanta sin.

**Leasú 49**

Airteagal 15

| Téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| **Dreasachtaí airgeadais agus bacainní ar an margadh** | **Dreasachtaí airgeadais agus bacainní ar an margadh** |
| 1. ***Soláthróidh*** na Ballstáit maoiniú ***iomchuí,*** bearta tacaíochta agus ionstraimí eile trína mbeifear in ann aghaidh a thabhairt ar bhacainní ar an margadh agus na hinfheistíochtaí is gá a spreagadh in athchóiriú fuinnimh i gcomhréir lena bplean athchóirithe foirgneamh náisiúnta agus d'fhonn a stoc foirgnimh a athrú ina bhfoirgnimh astaíochtaí nialasacha faoin mbliain 2050. | 1. ***Faoin… [bliain amháin roimh spriocdháta trasuí na Treorach] ar a dhéanaí, molfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas: (a) Rialacháin AE lena gcuirfear ar chumas BEI rochtain a ráthú d'úinéirí tí uile an Aontais agus do mhicrifhiontair agus d'fhiontair bheaga a bhfuil Teastas Feidhmíochta Fuinnimh "F" agus "G" acu, ar chistiú costéifeachtach fadtéarmach chun a bhfoirgnimh a athchóiriú go domhain trí bhainc mhiondíola a chuireann Iasachtaí Athchóirithe AE aontaithe ar fáil a bhfuil ráthaíochtaí poiblí mar thaca leo agus atá nasctha le luach na bhfoirgneamh. (b) oiriúnuithe a chur i bhfeidhm ar rialacha AE maidir le Cistiú Struchtúrach lena gceanglaítear sciar i bhfad níos mó den chistiú a infheistiú in athchóiriú foirgneamh a bhfuil Teastas Feidhmíochta Fuinnimh "F" agus "G" acu.*** |
| ***2***. Déanfaidh na Ballstáit bearta rialála iomchuí chun deireadh a chur le bacainní neamheacnamaíocha ar athchóiriú foirgneamh. Maidir le foirgnimh a bhfuil níos mó ná aonad foirgnimh amháin iontu, féadfar a áireamh ar na bearta sin ceanglais aontoilíochta a bhaint i struchtúir chomhúinéireachta, nó a cheadú do struchtúir chomhúinéireachta a bheith ina bhfaighteoirí díreacha de thacaíocht airgeadais. | ***2. Déanfaidh*** na Ballstáit ***an*** maoiniú ***atá ann cheana a chuachadh agus cuirfidh siad*** bearta tacaíochta ***leordhóthanacha*** agus ionstraimí eile ***ar fáil do na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha*** trína mbeifear in ann aghaidh a thabhairt ar bhacainní ar an margadh agus na hinfheistíochtaí is gá a spreagadh in athchóiriú fuinnimh i gcomhréir lena bplean athchóirithe foirgneamh náisiúnta agus d'fhonn a stoc foirgnimh a athrú ina bhfoirgnimh astaíochtaí nialasacha faoin mbliain 2050. |
| ***3***. Déanfaidh na Ballstáit an úsáid is costéifeachtaí as maoiniú náisiúnta agus as maoiniú atá ar fáil agus atá bunaithe ar leibhéal an Aontais, go háirithe an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, Ciste Sóisialta na hAeráide, cistí beartais comhtháthaithe, InvestEU, ioncaim cheantála ó thrádáil astaíochtaí de bhun Threoir 2003/87/CE [CTA leasaithe] agus foinsí eile cistithe phoiblí. | ***3***. Déanfaidh na Ballstáit bearta rialála iomchuí chun deireadh a chur le bacainní neamheacnamaíocha ar athchóiriú foirgneamh. Maidir le foirgnimh a bhfuil níos mó ná aonad foirgnimh amháin iontu, féadfar a áireamh ar na bearta sin ceanglais aontoilíochta a bhaint i struchtúir chomhúinéireachta, nó a cheadú do struchtúir chomhúinéireachta a bheith ina bhfaighteoirí díreacha de thacaíocht airgeadais. |
| ***4.*** Chun tacú le cur ag gluaiseacht infheistíochtaí, déanfaidh na Ballstáit cur chun feidhme céimneach an mhaoinithe chumasúcháin agus uirlisí airgeadais a chur chun cinn, amhail iasachtaí éifeachtúlachta fuinnimh agus morgáistí le haghaidh athchóiriú foirgneamh, conraitheoireacht feidhmíochta fuinnimh, dreasachtaí fioscacha, scéimeanna ar an gcáin, scéimeanna ar an mbille, cistí ráthaíochta, cistí atá dírithe ar athchóiriú domhain, cistí atá dírithe ar athchóirithe a bhfuil tairseach íosta shuntasach de choigiltis fuinnimh spriocdhírithe agus caighdeáin punainne morgáiste ag baint leo. Treoróidh siad infheistíochtaí i stoc foirgnimh poiblí atá fuinneamhéifeachtúil, i gcomhréir le treoir ó Eurostat maidir le Conarthaí um Fheidhmíocht Fuinnimh a thaifeadadh i gcuntais rialtais. | ***4***. Déanfaidh na Ballstáit ***agus an tAontas*** an úsáid is costéifeachtaí as maoiniú náisiúnta agus as maoiniú atá ar fáil agus atá bunaithe ar leibhéal an Aontais, go háirithe ***chun*** an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, Ciste Sóisialta na hAeráide, cistí beartais comhtháthaithe, InvestEU, ioncaim cheantála ó thrádáil astaíochtaí de bhun Threoir 2003/87/CE [CTA leasaithe] agus foinsí eile cistithe phoiblí ***a chuachadh***. ***Ba cheart do na Ballstáit agus don Aontas nósanna imeachta a shimpliú chun maoiniú atá ann cheana ar an leibhéal áitiúil agus ar an leibhéal réigiúnach a chuachadh.*** |

| Téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| ***5***. Éascóidh na Ballstáit comhiomlánú tionscadal chun ***rochtain infheisteoirí*** a chumasú ***chomh maith le réitigh phacáistithe do chliaint ionchasacha***. Glacfaidh na Ballstáit bearta chun a áirithiú go ndéanfaidh institiúidí airgeadais táirgí iasachtaithe éifeachtúlachta fuinnimh le haghaidh athchóirithe foirgneamh a thairiscint go forleathan agus ar bhealach neamh-idirdhealaitheach agus go mbeidh siad infheicthe agus go mbeadh rochtain ag tomhaltóirí orthu. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfaighidh bainc agus institiúidí airgeadais eile agus infheisteoirí faisnéis maidir le deiseanna a bheith rannpháirteach sa mhaoiniú maidir le feabhas a chur ar fheidhmíocht fuinnimh foirgneamh. | ***5***. Chun tacú le cur ag gluaiseacht infheistíochtaí, déanfaidh na Ballstáit cur chun feidhme céimneach an mhaoinithe cumasúcháin agus uirlisí airgeadais a chur chun cinn, amhail iasachtaí éifeachtúlachta fuinnimh agus morgáistí le haghaidh athchóiriú foirgneamh, conraitheoireacht feidhmíochta fuinnimh, dreasachtaí fioscacha, scéimeanna ar an gcáin, scéimeanna ar an mbille, cistí ráthaíochta, cistí atá dírithe ar athchóiriú domhain, cistí atá dírithe ar athchóirithe a bhfuil tairseach íosta shuntasach de choigiltis fuinnimh spriocdhírithe agus caighdeáin punainne morgáiste ag baint leo. Treoróidh siad infheistíochtaí i stoc foirgnimh poiblí atá fuinneamhéifeachtúil, i gcomhréir le treoir ó Eurostat maidir le Conarthaí um Fheidhmíocht Fuinnimh a thaifeadadh i gcuntais rialtais. |
| ***6.*** Áiritheoidh na Ballstáit go mbunófar saoráidí cúnaimh theicniúil, lena n-áirítear trí ionaid ilfhreastail, lena ndíreofar ar na gníomhaithe uile atá páirteach in athchóirithe foirgneamh, lena n-áirítear úinéirí baile agus gníomhaithe riaracháin, airgeadais agus eacnamaíocha, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide. | ***6.*** Éascóidh na Ballstáit comhiomlánú tionscadal ***agus cuachadh maoinithe atá ann cheana*** chun ***na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha*** a chumasú ***tionscadail athchóirithe a chuachadh agus iad a dhéanamh tarraingteach d'infheisteoirí trí réitigh mhaoiniúcháin pacáistithe chun grúpa foirgneamh a athchóiriú***. Glacfaidh na Ballstáit bearta chun a áirithiú go ndéanfaidh institiúidí airgeadais táirgí iasachtaithe éifeachtúlachta fuinnimh le haghaidh athchóirithe foirgneamh a thairiscint go forleathan agus ar bhealach neamh-idirdhealaitheach agus go mbeidh siad infheicthe agus go mbeadh rochtain ag tomhaltóirí orthu. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfaighidh bainc agus institiúidí airgeadais eile agus infheisteoirí faisnéis maidir le deiseanna a bheith rannpháirteach sa mhaoiniú maidir le feabhas a chur ar fheidhmíocht fuinnimh foirgneamh. |
| ***7.*** Cuirfidh na Ballstáit bearta agus maoiniú i bhfeidhm chun oideachas agus oiliúint a chur chun cinn chun a áirithiú go bhfuil líon leordhóthanach oibrithe ann a mbeidh an leibhéal iomchuí scileanna acu a chomhfhreagraíonn do na riachtanais in earnáil na foirgníochta. | ***7***. Áiritheoidh na Ballstáit go mbunófar saoráidí cúnaimh theicniúil, lena n-áirítear trí ionaid ilfhreastail, lena ndíreofar ar na gníomhaithe uile atá páirteach in athchóirithe foirgneamh, lena n-áirítear úinéirí baile agus gníomhaithe riaracháin, airgeadais agus eacnamaíocha, lena n-áirítear fiontair bheaga agus mheánmhéide. |
| ***8.*** I gcás inarb iomchuí, tabharfaidh an Coimisiún cuidiú do Bhallstáit, arna iarraidh sin dóibh, chun cláir tacaíochta airgeadais a chur ar bun arb é is aidhm dóibh ***feabhas a chur ar fheidhmíocht fuinnimh foirgneamh***, foirgnimh atá ann cheana ***go háirithe***, trí thacaíocht a thabhairt do mhalartú dea-chleachtais idir na húdaráis nó comhlachtaí náisiúnta nó réigiúnacha freagracha. | ***8***. Cuirfidh na Ballstáit bearta agus maoiniú i bhfeidhm chun oideachas agus oiliúint a chur chun cinn chun a áirithiú go bhfuil líon leordhóthanach oibrithe ann a mbeidh an leibhéal iomchuí scileanna acu a chomhfhreagraíonn do na riachtanais in earnáil na foirgníochta. |
| ***9.*** Nascfaidh na Ballstáit a mbearta airgeadais le haghaidh ***feabhsúcháin feidhmíochta fuinnimh*** in athchóiriú foirgneamh leis an ***gcoigilt fuinnimh a bheidh mar sprioc nó*** a bhainfear amach de thoradh an athchóirithe sin, arna chinneadh i gcritéar amháin nó níos mó de na critéir seo a leanas: | ***9***. I gcás inarb iomchuí, tabharfaidh an Coimisiún cuidiú do Bhallstáit, arna iarraidh sin dóibh, chun cláir tacaíochta airgeadais a chur ar bun arb é is aidhm dóibh ***caighdeáin astaíochtaí nialasacha nó nach mór nialasach a bhaint amach i bhfoirgnimh***, ***go háirithe*** foirgnimh atá ann cheana, trí thacaíocht a thabhairt do mhalartú dea-chleachtais idir na húdaráis nó comhlachtaí náisiúnta nó réigiúnacha freagracha. |

| Téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| (a) feidhmíocht fuinnimh an trealaimh nó an ábhair a úsáidfear leis an athchóiriú; sa chás sin, déanfaidh suiteálaí a bhfuil an leibhéal ábhartha deimhniúcháin nó cáilíochta aige an trealamh nó an t-ábhar a úsáidfear san athchóiriú a shuiteáil agus comhlíonfaidh sé na ***híoscheanglais feidhmíochta fuinnimh*** le haghaidh codanna d'fhoirgnimh; | |
| (b) luachanna caighdeánacha chun ***coigilt fuinnimh*** i bhfoirgnimh a ríomh; | |
| (c) an feabhas a baineadh amach mar gheall ar an athchóiriú trí theastais feidhmíochta fuinnimh a d'eiseofaí roimh agus i ndiaidh an athchóirithe a chur i gcomparáid lena chéile; | |
| (d) torthaí ó iniúchadh fuinnimh; | |
| (e) torthaí ó mhodh eile atá ábhartha, trédhearcach agus comhréireach ina léirítear an feabhas san fheidhmíocht fuinnimh. | |
| ***10***. Ón 1 Eanáir 2027 ar a dhéanaí, ní sholáthróidh na Ballstáit aon dreasacht airgeadais chun coirí a shuiteáil ar coirí iad a chumhachtaítear le breoslaí iontaise, cé is moite díobh siúd a roghnaíodh le haghaidh infheistíochta, roimh 2027, i gcomhréir le hAirteagal 7(1)(h)(i) an tríú fleiscín de Rialachán (AE) 2021/1058 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus maidir leis an gCiste Comhtháthaithe agus le hAirteagal 73 de Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) maidir le pleananna straitéiseacha CBT. | ***10***. Nascfaidh na Ballstáit a mbearta airgeadais le haghaidh ***astaíochtaí nialasacha*** in athchóiriú foirgneamh leis an ***laghdú astaíochtaí*** a bhainfear amach de thoradh an athchóirithe sin, arna chinneadh i gcritéar amháin nó níos mó de na critéir seo a leanas: |
| | (a) feidhmíocht fuinnimh an trealaimh nó an ábhair a úsáidfear leis an athchóiriú; sa chás sin, déanfaidh suiteálaí a bhfuil an leibhéal ábhartha deimhniúcháin nó cáilíochta aige an trealamh nó an t-ábhar a úsáidfear san athchóiriú a shuiteáil agus comhlíonfaidh sé na ***ceanglais astaíochtaí nialasacha nó nach mór nialasach*** le haghaidh codanna d'fhoirgnimh; |
| | (b) luachanna caighdeánacha chun ***astaíochtaí nialasacha*** i bhfoirgnimh a ríomh; |
| | (c) an feabhas a baineadh amach mar gheall ar an athchóiriú trí theastais feidhmíochta fuinnimh a d'eiseofaí roimh agus i ndiaidh an athchóirithe a chur i gcomparáid lena chéile; |
| | (d) torthaí ó iniúchadh fuinnimh; |
| | (e) torthaí ó mhodh eile atá ábhartha, trédhearcach agus comhréireach ina léirítear an feabhas san fheidhmíocht fuinnimh. |

| Téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| ***11***. Dreasóidh na Ballstáit ***cláir athchóirithe dhomhain agus*** cláir inmhéide ***lena dtugtar aghaidh ar líon mór foirgneamh*** agus ***arb é an toradh a bheidh orthu laghdú foriomlán de 30 % ar a laghad den éileamh ar fhuinneamh príomhúil*** lena mbaineann tacaíocht airgeadais, fhioscach, riaracháin agus theicniúil níos airde. ***Áiritheoidh na Ballstáit go leanfaidh athchóiriú*** domhain céimnithe ***a fhaigheann dreasachtaí airgeadais poiblí na céimeanna atá leagtha amach i bpas athchóirithe***. | ***11.*** Ón 1 Eanáir 2027 ar a dhéanaí, ní sholáthróidh na Ballstáit aon dreasacht airgeadais chun coirí a shuiteáil ar coirí iad a chumhachtaítear le breoslaí iontaise, cé is moite díobh siúd a roghnaíodh le haghaidh infheistíochta, roimh 2027, i gcomhréir le hAirteagal 7(1), pointe (h)(i), an tríú fleiscín, de Rialachán (AE) 2021/1058 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus maidir leis an gCiste Comhtháthaithe agus le hAirteagal 73 de Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) maidir le pleananna straitéiseacha CBT. |
| ***12***. Leis na dreasachtaí airgeadais díreofar mar thosaíocht ar theaghlaigh leochaileacha, ar dhaoine a bhfuil tionchar ag bochtaineacht fuinnimh orthu agus ar dhaoine atá ag maireachtáil i dtithíocht shóisialta, i gcomhréir le hAirteagal 22 de Threoir (AE)…/… [athmhúnlú EED]. | ***12.*** Dreasóidh na Ballstáit cláir inmhéide ***a mbeidh sé d'aidhm acu foirgnimh astaíochtaí nialasacha a bhaint amach*** agus ***a mbeidh astaíochtaí nialasacha foriomlána mar thoradh orthu*** lena mbaineann tacaíocht airgeadais, fhioscach, riaracháin agus theicniúil níos airde. ***Ón 1 Eanáir 2027, ní chuirfidh na Ballstáit aon tacaíocht airgeadais, fhioscach, riaracháin ná theicniúil ar fáil d'athchóiriú*** domhain céimnithe. |
| ***13***. Agus dreasachtaí airgeadais á soláthar d'úinéirí foirgneamh nó d'úinéirí aonad foirgnimh chun athchóiriú a dhéanamh ar fhoirgnimh nó ar aonaid foirgneamh ar cíos, áiritheoidh na Ballstáit go rachaidh dreasachtaí airgeadais chun tairbhe na n-úinéirí agus na dtionóntaí araon, go háirithe trí thacaíocht cíosa a sholáthar nó trí uasteorainneacha a fhorchur ar mhéaduithe cíosa. | ***13.*** Leis na dreasachtaí airgeadais díreofar mar thosaíocht ar theaghlaigh leochaileacha, ar dhaoine a bhfuil tionchar ag bochtaineacht fuinnimh orthu agus ar dhaoine atá ag maireachtáil i dtithíocht shóisialta, i gcomhréir le hAirteagal 22 de Threoir (AE)…/… [athmhúnlú EED]. |
| | ***14.*** Agus dreasachtaí airgeadais á soláthar d'úinéirí foirgneamh nó d'úinéirí aonad foirgnimh chun athchóiriú a dhéanamh ar fhoirgnimh nó ar aonaid foirgneamh ar cíos, áiritheoidh na Ballstáit go rachaidh dreasachtaí airgeadais chun tairbhe na n-úinéirí agus na dtionóntaí araon, go háirithe trí thacaíocht cíosa a sholáthar nó trí uasteorainneacha a fhorchur ar mhéaduithe cíosa. |
| | ***15. Cuirfidh an tAontas agus na Ballstáit maoiniú tiomnaithe imfhálaithe ar fáil d'athchóiriú éifeachtúlachta fuinnimh foirgneamh atá cosanta go hoifigiúil mar chuid de thimpeallacht ainmnithe nó mar gheall ar a bhfiúntas speisialta ailtireachta nó stairiúil.*** |

| Téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| (1) Rialachán (AE) 2021/1058 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus an Ciste Comhtháthaithe (IO L 231, 30.6.2021, lch. 60).<br>(2) Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha a bheidh le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gComhbheartas Talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus arna maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 1). | (1) Rialachán (AE) 2021/1058 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus an Ciste Comhtháthaithe (IO L 231, 30.6.2021, lch. 60).<br>(2) Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha a bheidh le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gComhbheartas Talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus arna maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 (IO L 435, 6.12.2021, lch. 1). |

**Cúis**

D'fhonn cur chun feidhme rathúil na treorach a bhaint amach, tá sé tábhachtach maoiniú leordhóthanach a chur ar fáil do na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha.

**Leasú 50**

Airteagal 16

| Téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| Teastais feidhmíochta fuinnimh | Teastais feidhmíochta fuinnimh |
| 1. Leagfaidh na Ballstáit síos na bearta is gá chun chóras le haghaidh deimhniúcháin d'fheidhmíocht fuinnimh foirgneamh a chur ar bun. Chun gur féidir le húinéirí nó tionóntaí an fhoirgnimh nó an aonaid foirgnimh a fheidhmíocht fuinnimh a chur i gcomparáid agus a mheas, sa teastas feidhmíochta fuinnimh áireofar feidhmíocht fuinnimh an fhoirgnimh a chuirfear in iúl trí tháscaire uimhriúil d'úsáid fuinnimh phríomha in kWh/(m2.y), agus luachanna tagartha amhail íoscheanglais feidhmíochta fuinnimh, íoschaighdeáin feidhmíochta fuinnimh, ceanglais d'fhoirgnimh atá nach mór neodrach ó thaobh an fhuinnimh de agus d'fhoirgnimh astaíochtaí nialasacha. | 1. Leagfaidh na Ballstáit síos na bearta is gá chun chóras le haghaidh deimhniúcháin d'fheidhmíocht fuinnimh foirgneamh a chur ar bun. Chun gur féidir le húinéirí nó tionóntaí an fhoirgnimh nó an aonaid foirgnimh a fheidhmíocht fuinnimh a chur i gcomparáid agus a mheas, sa teastas feidhmíochta fuinnimh áireofar feidhmíocht fuinnimh an fhoirgnimh a chuirfear in iúl trí tháscaire uimhriúil d'úsáid fuinnimh phríomha in kWh/(m2.y), agus luachanna tagartha amhail íoscheanglais feidhmíochta fuinnimh, íoschaighdeáin feidhmíochta fuinnimh, ceanglais d'fhoirgnimh atá nach mór neodrach ó thaobh an fhuinnimh de agus d'fhoirgnimh astaíochtaí nialasacha. |
| 2. Faoin 31 Nollaig 2025 ar a dhéanaí, comhlíonfaidh an teastas feidhmíochta fuinnimh an teimpléad in Iarscríbhinn V. Sonrófar ann aicme feidhmíochta fuinnimh an fhoirgnimh ar scála dúnta agus úsáid á baint as litreacha ó A go G amháin. Comhfhreagróidh litir A d'fhoirgnimh astaíochtaí nialasacha mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (2) agus comhfhreagróidh an litir G do 15 % de na foirgnimh is measa feidhmíocht sa stoc náisiúnta foirgneamh tráth a thabharfar isteach an scála. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh dáileadh cothrom bandaleithid de tháscairí feidhmíochta fuinnimh ag na haicmí atá fágtha (B go F) i measc na n-aicmí feidhmíochta fuinnimh. Áiritheoidh na Ballstáit sainaitheantas coiteann físeach le haghaidh deimhnithe feidhmíochta fuinnimh ar a gcríoch féin. | 2. Faoin 31 Nollaig 2025 ar a dhéanaí, comhlíonfaidh an teastas feidhmíochta fuinnimh an teimpléad in Iarscríbhinn V. Sonrófar ann aicme feidhmíochta fuinnimh an fhoirgnimh ar scála dúnta agus úsáid á baint as litreacha ó A go G amháin. Comhfhreagróidh litir A+ d'fhoirgnimh astaíochtaí nialasacha mar a shainmhínítear in Airteagal 2, pointe (2), agus comhfhreagróidh an litir G do 15 % de na foirgnimh is measa feidhmíocht sa stoc náisiúnta foirgneamh tráth a thabharfar isteach an scála. Áiritheoidh na Ballstáit go mbeidh dáileadh cothrom bandaleithid de tháscairí feidhmíochta fuinnimh ag na haicmí atá fágtha (B go F) i measc na n-aicmí feidhmíochta fuinnimh. Áiritheoidh na Ballstáit sainaitheantas coiteann físeach le haghaidh deimhnithe feidhmíochta fuinnimh ar a gcríoch féin. |

| Téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| 3. Áiritheoidh na Ballstáit cáilíocht, iontaofacht agus inacmhainneacht na ndeimhnithe feidhmíochta fuinnimh. Áiritheoidh siad go n-eiseoidh saineolaithe neamhspleácha deimhnithe feidhmíochta fuinnimh tar éis cuairt a thabhairt ar an láthair. | 3. Áiritheoidh na Ballstáit cáilíocht, iontaofacht agus inacmhainneacht na ndeimhnithe feidhmíochta fuinnimh. Áiritheoidh siad go n-eiseoidh saineolaithe neamhspleácha deimhnithe feidhmíochta fuinnimh tar éis cuairt a thabhairt ar an láthair. |
| 4. Áireofar sa teastas feidhmíochta fuinnimh moltaí maidir leis ***an bhfeidhmíocht fuinnimh a fheabhsú agus*** na hastaíochtaí gás ceaptha teasa oibríochtúla a laghdú i bhfoirgneamh nó in aonad foirgnimh ***ar an dóigh is costéifeachtaí***, ach amháin má tá an foirgneamh nó an t-aonad foirgnimh i gcomhréir leis an gcaighdeán ábhartha tógála astaíochtaí nialasacha cheana féin. Cuimseofar leis na moltaí sa teastas feidhmíochta fuinnimh na nithe seo a leanas: | 4. Áireofar sa teastas feidhmíochta fuinnimh moltaí maidir leis na hastaíochtaí gás ceaptha teasa oibríochtúla a laghdú i bhfoirgneamh nó in aonad foirgnimh, ach amháin má tá an foirgneamh nó an t-aonad foirgnimh i gcomhréir leis an gcaighdeán ábhartha tógála astaíochtaí nialasacha cheana féin. Cuimseofar leis na moltaí sa teastas feidhmíochta fuinnimh na nithe seo a leanas: |
| (a) bearta a cuireadh i gcrích maidir le hathchóiriú mór ar an imchlúdach foirgnimh nó ar chóras teicniúil foirgnimh nó ar chórais theicniúla foirgnimh; | (a) bearta a cuireadh i gcrích maidir le hathchóiriú mór ar an imchlúdach foirgnimh nó ar chóras teicniúil foirgnimh nó ar chórais theicniúla foirgnimh; |
| (b) bearta maidir le codanna aonair d'fhoirgnimh nach mbaineann le hathchóiriú mór ar an imchlúdach foirgnimh nó ar aon chóras teicniúil foirgnimh nó córais theicniúla foirgnimh. | (b) bearta maidir le codanna aonair d'fhoirgnimh nach mbaineann le hathchóiriú mór ar an imchlúdach foirgnimh nó ar aon chóras teicniúil foirgnimh nó córais theicniúla foirgnimh. |
| 5. Na moltaí a áireofar sa teastas feidhmíochta fuinnimh, beidh siad indéanta go teicniúil maidir leis an bhfoirgneamh atá i gceist agus soláthrófar iontu meastachán maidir leis na coigiltis fuinnimh ***agus an laghdú sna hastaíochtaí*** gás ceaptha teasa oibríochtúla. Féadfaidh siad meastachán a sholáthar maidir leis an raon tréimhsí aisíoca nó na costais is tairbhe le linn shaolré an fhoirgnimh. | 5. Na moltaí a áireofar sa teastas feidhmíochta fuinnimh, beidh siad indéanta go teicniúil maidir leis an bhfoirgneamh atá i gceist agus soláthrófar iontu meastachán maidir leis na coigiltis fuinnimh ***chun astaíochtaí*** gás ceaptha teasa oibríochtúla ***nialasacha nó nach mór nialasach a bhaint amach***. Féadfaidh siad meastachán a sholáthar maidir leis an raon tréimhsí aisíoca nó na costais is tairbhe le linn shaolré an fhoirgnimh. |
| 6. Áireofar sna moltaí measúnú ar cé acu is féidir nó nach féidir an córas téimh nó aerchóirithe a oiriúnú chun go bhfeidhmeoidh sé ag socruithe teochta atá níos éifeachtúla, amhail astaírí ísealteochta le haghaidh córais téimh atá bunaithe ar uisce, lena n-áirítear an dearadh is gá ar an aschur cumhachta teirmí agus ar na ceanglais teochta/sreafa. | 6. Áireofar sna moltaí measúnú ar cé acu is féidir nó nach féidir an córas téimh nó aerchóirithe a oiriúnú chun go bhfeidhmeoidh sé ag socruithe teochta atá níos éifeachtúla, amhail astaírí ísealteochta le haghaidh córais téimh atá bunaithe ar uisce, lena n-áirítear an dearadh is gá ar an aschur cumhachta teirmí agus ar na ceanglais teochta/sreafa. |
| 7. Déanfar tagairt sa teastas feidhmíochta fuinnimh don áit inar féidir leis an úinéir nó an tionónta faisnéise níos mionsonraithe a fháil, lena n-áirítear maidir le costéifeachtúlacht na moltaí a rinneadh sa teastas feidhmíochta fuinnimh. Beidh an mheastóireacht ar chost-éifeachtúlacht bunaithe ar thacar gnáthdhálaí, amhail coigiltí fuinnimh a mheas agus bunphraghsanna fuinnimh agus réamhaisnéis ar chostas. Ina theannta sin, cuirfear ann faisnéis ***ar na bearta a dhéanfar chun na moltaí a chur chun feidhme***. Féadfar faisnéis eile maidir le hábhair ábhartha a chur ar fáil don úinéir nó don tionónta, amhail iniúchtaí fuinnimh nó dreasachtaí airgeadais nó de chineál eile agus féidearthachtaí maoinithe, nó comhairle maidir leis an dóigh chun cur le hathléimneacht an fhoirgnimh in aghaidh an athraithe aeráide. | 7. Déanfar tagairt sa teastas feidhmíochta fuinnimh don áit inar féidir leis an úinéir nó an tionónta faisnéise níos mionsonraithe a fháil, lena n-áirítear maidir le costéifeachtúlacht na moltaí a rinneadh sa teastas feidhmíochta fuinnimh. Beidh an mheastóireacht ar chost-éifeachtúlacht bunaithe ar thacar gnáthdhálaí, amhail coigiltí fuinnimh a mheas agus bunphraghsanna fuinnimh agus réamhaisnéis ar chostas. Ina theannta sin, cuirfear ann faisnéis ***maidir le cur chun feidhme na moltaí***. Féadfar faisnéis eile maidir le hábhair ábhartha a chur ar fáil don úinéir nó don tionónta, amhail iniúchtaí fuinnimh nó dreasachtaí airgeadais nó de chineál eile agus féidearthachtaí maoinithe, nó comhairle maidir leis an dóigh chun cur le hathléimneacht an fhoirgnimh in aghaidh an athraithe aeráide. |

| Téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| 8. Féadfar deimhniúchán aonad foirgnimh a bhunú ar na nithe seo a leanas: | 8. Féadfar deimhniúchán aonad foirgnimh a bhunú ar na nithe seo a leanas: |
| (a) deimhniúchán coiteann ar an bhfoirgneamh iomlán; | (a) deimhniúchán coiteann ar an bhfoirgneamh iomlán; |
| (b) meastóireacht ar aonad foirgnimh ionadaíoch eile a bhfuil na hairíonna céanna ag baint leis agus atá ag an bhfoirgneamh i gceist ó thaobh cúrsaí fuinnimh de. | (b) meastóireacht ar aonad foirgnimh ionadaíoch eile a bhfuil na hairíonna céanna ag baint leis agus atá ag an bhfoirgneamh i gceist ó thaobh cúrsaí fuinnimh de. |
| 9. Féadfaidh deimhniúchán do thithe aonteaghlaigh a bheith bunaithe ar mheastóireacht a dhéanamh ar fhoirgneamh eile ionadaíoch de dhearadh cosúil, de mhéid cosúil agus de cháilíocht feidhmíochta fuinnimh cosúil más féidir leis an saineolaí atá ag eisiúint an teastais feidhmíochta fuinnimh an chomhréireacht sin a áirithiú. | 9. Féadfaidh deimhniúchán do thithe aonteaghlaigh a bheith bunaithe ar mheastóireacht a dhéanamh ar fhoirgneamh eile ionadaíoch de dhearadh cosúil, de mhéid cosúil agus de cháilíocht feidhmíochta fuinnimh cosúil más féidir leis an saineolaí atá ag eisiúint an teastais feidhmíochta fuinnimh an chomhréireacht sin a áirithiú. |
| 10. Ní rachaidh bailíocht an teastais feidhmíochta fuinnimh thar thréimhse 5 bliana. I gcás foirgneamh lena ngabhann aicme feidhmíochta fuinnimh A, B, nó C arna bhunú de bhun mhír 2, áfach, ní bheidh an teastas feidhmíochta fuinnimh bailí ar feadh níos faide ná 10 mbliana. | 10. Ní rachaidh bailíocht an teastais feidhmíochta fuinnimh thar thréimhse 5 bliana. I gcás foirgneamh lena ngabhann aicme feidhmíochta fuinnimh A, B, nó C arna bhunú de bhun mhír 2, áfach, ní bheidh an teastas feidhmíochta fuinnimh bailí ar feadh níos faide ná 10 mbliana. |
| 11. Cuirfidh na Ballstáit nósanna imeachta simplithe ar fáil chun teastas feidhmíochta fuinnimh a nuashonrú i gcás nach ndéanfar ach eilimintí aonair a uasghrádú (bearta aonair nó bearta neamhspleácha). Cuirfidh na Ballstáit nósanna imeachta simplithe ar fáil chun teastas feidhmíochta fuinnimh a thabhairt cothrom le dáta i gcás ina gcuirfear bearta ar bun a sainaithníodh i bpas athchóirithe. | 11. Cuirfidh na Ballstáit nósanna imeachta simplithe ar fáil chun teastas feidhmíochta fuinnimh a nuashonrú i gcás nach ndéanfar ach eilimintí aonair a uasghrádú (bearta aonair nó bearta neamhspleácha). Cuirfidh na Ballstáit nósanna imeachta simplithe ar fáil chun teastas feidhmíochta fuinnimh a thabhairt cothrom le dáta i gcás ina gcuirfear bearta ar bun a sainaithníodh i bpas athchóirithe. |

**Cúis**

Ní mór an t-íoscheanglas a bheith ar aon dul leis an aeráidneodracht chun gaibhniú carbóin a sheachaint.

**Leasú 51**

Airteagal 17.1

| Téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| 1. Déanfaidh na Ballstáit a áirithiú go n-eiseofar teastas feidhmíochta fuinnimh digiteach do na nithe seo a leanas: | 1. Déanfaidh na Ballstáit a áirithiú go n-eiseofar teastas feidhmíochta fuinnimh digiteach do na nithe seo a leanas: |
| (a) foirgnimh nó aonaid foirgnimh arna dtógáil, a ndearnadh athchóiriú mór orthu, arna ndíol nó arna ligean ar cíos le tionónta nua***, nó a ndéantar conradh cíosa a athnuachan ina leith***; | (a) foirgnimh nó aonaid foirgnimh arna dtógáil ndearnadh athchóiriú mór orthu, arna ndíol nó arna ligean ar cíos le tionónta nua; |
| (b) foirgnimh atá faoi úinéireacht nó áitithe ag comhlachtaí poiblí. | (b) foirgnimh atá faoi úinéireacht nó áitithe ag comhlachtaí poiblí. |

| Téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| Níl feidhm ag an gceanglas teastas feidhmíochta fuinnimh a eisiúint i gcás ina bhfuil teastas arna eisiúint i gcomhréir le Treoir 2010/31/AE nó an Treoir seo ar fáil agus bailí maidir leis an bhfoirgneamh nó leis an aonad foirgnimh lena mbaineann. | Níl feidhm ag an gceanglas teastas feidhmíochta fuinnimh a eisiúint i gcás ina bhfuil teastas arna eisiúint i gcomhréir le Treoir 2010/31/AE nó an Treoir seo ar fáil agus bailí maidir leis an bhfoirgneamh nó leis an aonad foirgnimh lena mbaineann. |

**Cúis**

I roinnt Ballstát, déantar conarthaí a athnuachan go hintuigthe. Chuirfeadh aon idirghabháil tús le díospóidí dlíthiúla.

**Leasú 52**

Airteagal 17.2

| Téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| I gcás ina dtógtar, ina ndíoltar nó ina ligtear ar cíos foirgnimh nó aonaid foirgnimh ***nó nuair a dhéantar conarthaí cíosa a athnuachan***, ceanglóidh na Ballstáit go dtaispeánfar an teastas feidhmíochta fuinnimh don tionónta nó don cheannaitheoir ionchasach agus go dtabharfar ar láimh é don cheannaitheoir nó don tionónta. | I gcás ina dtógtar, ina ndíoltar nó ina ligtear ar cíos foirgnimh nó aonaid foirgnimh, ceanglóidh na Ballstáit go dtaispeánfar an teastas feidhmíochta fuinnimh don tionónta ***nua*** nó don cheannaitheoir ionchasach agus go dtabharfar ar láimh é don cheannaitheoir nó don tionónta ***nua***. |

**Cúis**

I roinnt Ballstát, déantar conarthaí a athnuachan go hintuigthe. Chuirfeadh aon idirghabháil tús le díospóidí dlíthiúla.

**Leasú 53**

Airteagal 19.1

| Téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| Bunachair sonraí le haghaidh feidhmíocht fuinnimh foirgneamh 1. Bunóidh gach Ballstát ***bunachar*** sonraí náisiúnta le haghaidh feidhmíocht fuinnimh foirgneamh lenar féidir sonraí a bhailiú maidir le feidhmíocht fuinnimh na bhfoirgneamh agus maidir le feidhmíocht fuinnimh fhoriomlán an stoic náisiúnta foirgneamh. Leis an mbunachar sonraí féadfar sonraí a bhailiú maidir le deimhnithe feidhmíochta fuinnimh, iniúchtaí, an pas athchóirithe foirgneamh, an táscaire ullmhachta cliste agus ídiú fuinnimh ríofa nó méadraithe na bhfoirgneamh a chumhdaítear. | Bunachair sonraí le haghaidh feidhmíocht fuinnimh ***agus astaíochtaí*** foirgneamh 1. Bunóidh gach Ballstát ***bunachair*** sonraí náisiúnta ***a mhiondealófar de réir réigiún*** le haghaidh feidhmíocht fuinnimh foirgneamh ***agus na n-astaíochtaí a bhaineann leo,*** lenar féidir sonraí a bhailiú maidir le feidhmíocht fuinnimh na bhfoirgneamh agus maidir le feidhmíocht fuinnimh fhoriomlán ***agus astaíochtaí*** an stoic náisiúnta foirgneamh. Leis an mbunachar sonraí féadfar sonraí a bhailiú maidir le deimhnithe feidhmíochta fuinnimh, iniúchtaí, an pas athchóirithe foirgneamh, an táscaire ullmhachta cliste agus ídiú fuinnimh ríofa nó méadraithe na bhfoirgneamh a chumhdaítear. |

**Cúis**

Tá sé tábhachtach bunachair sonraí náisiúnta a bhunú le haghaidh feidhmíocht fuinnimh agus astaíochtaí foirgneamh, ach ba cheart iad a mhiondealú de réir réigiún.

**Leasú 54**

Airteagal 26.3

| Téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| Déanfaidh na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear comhairle agus oiliúint ar fáil dóibh siúd a bheidh freagrach as cur chun feidhme na Treorach seo. Leis an gcomhairle agus an oiliúint sin, díreofar ar an tábhacht a bhaineann le feidhmíocht fuinnimh a fheabhsú, agus fágfaidh sin gur féidir an comhcheangal is fearr a mheas idir feabhsaithe ar fheidhmíocht fuinnimh, ***laghduithe ar*** astaíochtaí gás ceaptha teasa, úsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite agus úsáid téimh agus fuaraithe ceantair an uair a bheidh limistéir thionsclaíocha nó chónaithe á bpleanáil, á gceapadh, á dtógáil agus á nathchóiriú. ***Le treoir*** agus oiliúint den sórt sin, is féidir aghaidh a thabhairt freisin ar fheabhsuithe struchtúracha, oiriúnú don athrú aeráide, sábháilteacht ó dhóiteán, rioscaí a bhaineann le dianghníomhaíocht sheismeach, substaintí guaiseacha lena n-áirítear aispeist a bhaint, astaíochtaí truailleán aeir (lena n-áirítear ábhar cáithníneach mín) agus inrochtaineacht do dhaoine atá faoi mhíchumas. | Déanfaidh na Ballstáit a áirithiú go gcuirfear comhairle agus oiliúint ar fáil ***do na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha agus*** dóibh siúd a bheidh freagrach as cur chun feidhme na Treorach seo. Leis an gcomhairle agus an oiliúint sin, díreofar ar an tábhacht a bhaineann ***leis an éileamh ar fhuinneamh agus ar ábhair a laghdú,*** le feidhmíocht fuinnimh a fheabhsú ***chun a áirithiú go mbeidh foirgnimh ag caighdeáin astaíochtaí nialasacha nó beagnach nialasach thar a saolré***, agus fágfaidh sin gur féidir an comhcheangal is fearr a mheas idir ***laghdú ar an éileamh ar fhuinneamh agus ar ábhair,*** feabhsaithe ar fheidhmíocht fuinnimh, astaíochtaí gás ceaptha teasa ***nialasacha***, úsáid fuinnimh ó fhoinsí in-athnuaite agus úsáid téimh agus fuaraithe ceantair an uair a bheidh limistéir thionsclaíocha nó chónaithe á bpleanáil, á gceapadh, á dtógáil agus á n-athchóiriú. ***Ba cheart beartais úsáide talún agus pleanála uirbí a áireamh i dtreoir*** agus oiliúint den sórt sin, ***agus*** is féidir aghaidh a thabhairt freisin ar fheabhsuithe struchtúracha, oiriúnú don athrú aeráide, sábháilteacht ó dhóiteán, rioscaí a bhaineann le dianghníomhaíocht sheismeach, substaintí guaiseacha lena n-áirítear aispeist a bhaint, astaíochtaí truailleán aeir (lena n-áirítear ábhar cáithníneach mín) agus inrochtaineacht do dhaoine atá faoi mhíchumas. |

**Cúis**

Féinmhínitheach.

**Leasú 55**

Iarscríbhinn 3

| Téacs a mhol an Coimisiún Eorpach | Leasú ó CnaR |
|---|---|
| Comhlíonfaidh úsáid bhliantúil iomlán fuinnimh phríomhúil foirgnimh nua atá saor ó astaíochtaí ***na huastairsigh a shonraítear sa tábla thíos***. […] Cumhdófar go hiomlán, ar bhonn glan bliantúil, úsáid fuinnimh phríomha iomlán foirgnimh nua nó foirgneamh athchóirithe atá saor ó astaíochtaí, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite a ghintear ar an láthair agus a chomhlíonann critéir Airteagal 7 de Threoir (AE) 2018/2001 [arna leasú], fuinneamh inathnuaite arna sholáthar ó chomhphobal fuinnimh in-athnuaite de réir bhrí Airteagal 22 de Threoir (AE) 2018/2001 [arna leasú], nó fuinneamh in-athnuaite agus teas dramhaíola ó chóras téimh agus fuaraithe ceantair éifeachtúil i gcomhréir le hAirteagal 24(1) de Threoir (AE) …/… [athmhúnlú EED]. Ní bheidh foirgneamh atá saor ó astaíochtaí ina chúis le haon astaíochtaí carbóin ar an láthair ó bhreoslaí iontaise. Ach amháin i gcás, mar gheall ar chineál an fhoirgnimh nó easpa rochtana ar phobail fuinnimh inathnuaite nó ar chórais téimh agus fuaraithe ceantair incháilithe, nach bhfuil sé indéanta, go teicniúil, na ceanglais faoin gcéad mhír a chomhlíonadh, féadfar an úsáid fuinnimh phríomhúil iomlán a chumhdach freisin le fuinneamh ón eangach a chomhlíonann critéir arna mbunú ar an leibhéal náisiúnta. | Comhlíonfaidh úsáid bhliantúil iomlán fuinnimh phríomhúil foirgnimh nua atá saor ó astaíochtaí ***modheolaíochtaí Airteagal 4-6***. ***Ba cheart iad sin a fhorbairt agus a chomhlánú le ceanglais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa chun a áirithiú go gcomhlíonfar sprioc aeráidneodrachta an Aontais.*** Cumhdófar go hiomlán, ar bhonn glan bliantúil, úsáid fuinnimh phríomha iomlán foirgnimh nua nó foirgneamh athchóirithe atá saor ó astaíochtaí, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh: fuinneamh ó fhoinsí in-athnuaite ***nó ó fhoinsí dramhfhuinnimh*** a ghintear ar an láthair ***nó a sholáthraítear tríd an eangach*** agus a chomhlíonann critéir Airteagal 7 de Threoir (AE) 2018/2001 [arna leasú], fuinneamh inathnuaite arna sholáthar ó chomhphobal fuinnimh in-athnuaite de réir bhrí Airteagal 22 de Threoir (AE) 2018/2001 [arna leasú], nó fuinneamh in-athnuaite agus teas dramhaíola ó chóras téimh agus fuaraithe ceantair éifeachtúil i gcomhréir le hAirteagal 24(1) de Threoir (AE) …/… [athmhúnlú EED]. Ní bheidh foirgneamh atá saor ó astaíochtaí ina chúis le haon astaíochtaí carbóin ar an láthair ó bhreoslaí iontaise. Ach amháin i gcás, mar gheall ar chineál an fhoirgnimh nó easpa rochtana ar phobail fuinnimh inathnuaite nó ar chórais téimh agus fuaraithe ceantair incháilithe, nach bhfuil sé indéanta, go teicniúil, na ceanglais faoin gcéad mhír a chomhlíonadh, féadfar an úsáid fuinnimh phríomhúil iomlán a chumhdach freisin le fuinneamh ón eangach a chomhlíonann critéir arna mbunú ar an leibhéal náisiúnta. |

**Cúis**

Féinmhínitheach.

II. **MOLTAÍ BEARTAIS**

TÁ COISTE EORPACH NA RÉIGIÚN

1. á chur in iúl go bhfuil an t-athbhreithniú ar an Treoir maidir le FFF ina bhunchloch den phacáiste "Oiriúnach do 55" agus go bhfuil sé ríthábhachtach chun an tionscnamh "rabharta athchóiriúcháin" a chur chun feidhme. Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, a áirithiú go ndéanfar foráil san athbhreithniú sin don leibhéal ceart uaillmhéine agus go gcuirfear sásraí tacaíochta leordhóthanacha i bhfeidhm ann d'fhonn aeráidneodracht stoc foirgneamh an Aontais a bhaint amach faoi 2050;

2. á chur in iúl gur díol sásaimh dó an tagairt atá sa togra do bheartais oiriúnúcháin; mar sin féin, measann sé gur cheart an t-oiriúnú a bheith leabaithe níos láidre sa togra agus a bheith mar chuid den phas athchóirithe;

3. á chur in iúl gur geal leis an tagairt don chur chuige ciorclaíochta sa togra agus á chur i bhfáth gur gá tagairt chórasach a dhéanamh don chiorclaíocht sa téacs, agus carbón corpraithe á chur san áireamh freisin;

4. den tuairim go bhfuil gá le cur chuige níos uaillmhianaí i leith an aistrithe fuinnimh má táthar chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin mhóra atá romhainn ó thaobh an aistrithe aeráide agus na slándála fuinnimh de, mar a leagtar amach go soiléir sa Phlean REPowerEU. Ba cheart a chur san áireamh leis sin, cúnamh teicniúil, oiliúint agus uas-sciliú oibrithe agus cumais na n-údarás áitiúil agus réigiúnach a neartú; ar an gcuma sin, measann sé gur cheart an coincheap maidir le "leordhóthanacht fuinnimh" a bheith lárnach sa togra agus neadaithe sa phas athchóirithe;

5. á chur i bhfios gur deis é athchóiriú ollmhór foirgneamh chun dul i ngleic leis an mbochtaineacht fuinnimh agus chun foirgnimh de theaghlaigh leochaileacha agus d'fhiontair leochaileacha a dhéanamh dearfach ó thaobh fuinnimh de; chun na críche sin, tathantaíonn sé go mbunófaí beartas cuimsitheach maidir leis an mbochtaineacht fuinnimh, d'fhonn nach rachaidh an tionscnamh "rabharta athchóiriúcháin" in olcas na saincheisteanna a bhaineann leis an mbochtaineacht fuinnimh ar fud an Aontais. Ar an gcúis sin, tá sé ag iarraidh ar an gCoimisiún straitéis chuimsitheach a chur ar bun chun an bhochtaineacht fuinnimh a dhíothú. Tá sé réidh chun comhoibriú leis an nGrúpa Comhordúcháin nuabhunaithe um an mBochtaineacht Fuinnimh agus Tomhaltóirí Leochaileacha d'fhonn straitéis a cheapadh a bheidh oiriúnach don chur chun feidhme ar an leibhéal áitiúil agus ar an leibhéal réigiúnach. I dtaca leis sin, ba cheart réitigh a thairiscint do dhaoine aosta chun maoiniú a dhéanamh ar na bearta cosanta aeráide is gá agus ní mór pinsinéirí arb ionann a dtithe agus a n-árachas seanaoise a chur san áireamh go práinneach;

6. den tuairim gur gá smaointeoireacht saolré a áireamh sa sainmhíniú ar fhoirgnimh atá saor agus nach mór saor ó astaíochtaí d'fhonn stoc foirgneamh aeráidneodrach a chur chun cinn faoi 2050: ba cheart neodracht teicneolaíochta agus dearcadh iomlánaíoch ar chórais fuinnimh a urramú leis sin chun dálaí éagsúla ar an leibhéal áitiúil, ar an leibhéal réigiúnach agus ar leibhéal na mBallstát a léiriú. Ba cheart fuinneamh ó na heangacha leictreachais agus gáis a áireamh sa sainmhíniú freisin, a luaithe agus a tháirgtear é ó fhoinsí in-athnuaite fuinnimh agus ó fhuinneamh dramhaíola aisghabháilte. Ba cheart é a bheith i gcomhréir leis na bealaí chun dícharbónú a dhéanamh sna treoracha maidir le héifeachtúlacht fuinnimh (EED) agus fuinneamh in-athnuaite (RED) sa chóras fuinnimh i gcoitinne agus ba cheart é a bheith ag brath ar shaincheist ar leibhéal na tógála amháin;

7. á mheas go bhféadfadh éifeacht an ghaibhnithe carbóin a bheith mar thoradh ar úsáid na nÍoschaighdeán Feidhmíochta Fuinnimh mura bhfuil siad uaillmhianach a dhóthain, rud a laghdódh uaillmhian an Rabharta Athchóiriúcháin agus a d'fhágfadh go mbeadh sé mí-oiriúnach go bunúsach chun spriocanna 2030 agus 2050 a bhaint amach, ar spriocanna iad atá ríthábhachtach, ní hamháin don aistriú aeráide ach chun slándáil fuinnimh a chothú freisin. Ba cheart ceanglais d'earnáil na foirgníochta agus soláthar fuinnimh in-athnuaite i ndáil le hastaíochtaí saolré gás ceaptha teasa a bheith ar áireamh sna hÍoschaighdeáin Feidhmíochta Fuinnimh freisin; á chur i bhfáth nach mbeidh na hÍoschaighdeáin Feidhmíochta Fuinnimh éifeachtach ach amháin má éiríonn leo ardleibhéal uaillmhéine a choinneáil agus má tá bearta ag gabháil leo a chabhraíonn le bacainní a shárú a chuir isteach ar iarrachtaí athchóirithe go dtí seo. Ní mór an cistiú agus an tacaíocht theicniúil is gá a chur ar fáil freisin chun cabhrú lena dtabhairt isteach;

8. á aithint gur gá díriú ar na foirgnimh a bhfuil an fheidhmíocht fuinnimh is measa acu agus ar fhoirgnimh a bhfuil acmhainneacht mhór acu maidir le coigilteas fuinnimh; á chur i bhfáth gur gá go mbeadh fáil ar shaothar oilte agus ar fhiontraithe oilte, agus á aithint an tionchar atá ar luach na bhfoirgneamh agus ar mhargaí maoine, rud nár cheart a bheith ina chúis le costais mhéadaithe do thionóntaí; á iarraidh, dá bhrí sin, go dtabharfaí an deis dhlíthiúil do na Ballstáit síneadh ama a iarraidh ar na sprioc-amanna sonraithe má tá údar cuí leis sin de bharr coinníollacha eisceachtúla;

9. á chur in iúl go dtarlaíonn "mór-athchóiriú" ar fhoirgnimh atá ann cheana, gan beann ar a méid, uair amháin gach 25 bliana i bhfoirgnimh chónaithe agus uair amháin gach 15 bliana i bhfoirgnimh neamhchónaithe; den tuairim, dá bhrí sin, go bhféadfadh cur chuige an athchóirithe chéimnigh bac a chur ar uaillmhian an Rabharta Athchóiriúcháin agus go bhféadfadh cineálacha cur chuige fritheacnamaíocha maidir le hathchóiriú foirgneamh a bheith mar thoradh air, rud ar cheart dul i ngleic leis le cur chuige córasach agus comhtháite seachas le sraith beart aonair. Ar an gcuma sin, tá sé á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit treoir a thabhairt maidir le héifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh stairiúil a fheabhsú, agus obair Thionscnamh Bauhaus Eorpach a ghiaráil freisin. Ba cheart tacú le hathchóiriú na bhfoirgneamh sin trí scéimeanna cistiúcháin tiomnaithe agus ba cheart solúbthacht leordhóthanach a dheonú maidir leis an gcreat ama;

10. á chur i bhfios go láidir go n-éilítear iarrachtaí suntasacha maidir le hathoiliúint agus tacaíocht d'inniúlachtaí áitiúla, san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon, leis an aistriú chuig cur chuige córasach ciorclach maidir le hathchóiriú foirgneamh;

11. den tuairim gur cheart ról suntasach a bheith ag an soláthar poiblí maidir le cur chuige uaillmhianach a phríomhshruthú i ndáil le hathchóiriú foirgneamh. Chun na críche sin, á chur i bhfios go láidir gur cheart treoir ó na Ballstáit agus ón Aontas tacú leis na hathchóirithe ar fad atá ar conradh ag na húdaráis phoiblí agus gur cheart, a mhéid is féidir, na critéir soláthair phoiblí ghlasa agus chiorclacha a leanúint;

12. á chur i bhfios nach féidir éifeachtúlacht fuinnimh an stoic foirgneamh a bhaint amach trí dhíriú ar fhoirgnimh aonair amháin agus nach mór don phleanáil uirbeach agus críche tacú leis na hidirghabhálacha aonair trí chur chuige córasach ceantair maidir le héifeachtúlacht fuinnimh cathracha;

13. á athdhearbhú nach féidir cuspóirí an tionscnaimh "rabharta athchóiriúcháin" a bhaint amach gan acmhainní suntasacha agus tiomnaithe, i dtéarmaí imchlúdaigh airgeadais agus i dtéarmaí forbairt acmhainní agus tacaíocht theicniúil araon; á chur i dtreis gur deis í an Treoir maidir le FFF chun an úsáid a bhaintear as ionaid ilfhreastail a phríomhshruthú mar phríomhuirlis chun an treoir a chur chun feidhme;

14. den tuairim go bhfuil riachtanais éagsúla ag réigiúin tuaithe agus, ar bhonn níos ginearálta, ag réigiúin ina bhfuil go leor tithe aonteaghlaigh agus ilteaghlaigh agus go n-éilíonn siad réitigh dhifriúla seachas struchtúir uirbeacha. Ní mór an méid sin a léiriú sa Treoir freisin;

15. á chur in iúl go bhfuil luach suntasach cultúrtha agus siombalach ag foirgnimh stairiúla i gcathracha an Aontais; creideann sé gur gá a luach ailtireachta a chaomhnú agus gur gá teacht ar réitigh lena chinntiú go gcomhlíonann na foirgnimh sin ról eiseamláireach na bhfoirgneamh poiblí. Ar an gcuma sin, tá sé á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit treoir a thabhairt maidir le héifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh stairiúil a fheabhsú agus scéimeanna cistiúcháin tiomnaithe a chruthú chun na críche sin.

An Bhruiséil, an 30 Meitheamh 2022.

*Uachtarán*
*Choiste Eorpach na Réigiún*

Vasco ALVES CORDEIRO